**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2019**
**(OR. en)**

**2017/0128 (COD)** | **PE-CONS 69/18**

**TRANS 600**
**CODEC 2178**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas (athmhúnlú) |

**TREOIR (AE) 2019/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas (athmhúnlú)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C 81, 2.3.2018, lch. 181.
2 IO C 176, 23.5.2018, lch. 66.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Feabhra 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Treoir 2004/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a leasú go substaintiúil. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

(2) Tá sé inmhianaithe go mbeadh córais leictreonacha dolaí bóthair in úsáid go forleathan sna Ballstáit agus sna tíortha comharsanachta, agus, a mhéid is féidir, go mbeadh córais iontaofa, sholáimhsithe agus chost-éifeachtúla ann atá oiriúnach don fhorbairt a dhéanfar amach anseo ar an mbeartas maidir le muirir ar úsáid bóthair ar leibhéal an Aontais agus do na forbairtí teicniúla a thiocfaidh amach anseo. Dá bhrí sin, is gá córais leictreonacha dolaí bóthair a dhéanamh idir-inoibritheach chun laghdú a dhéanamh ar chostas íoc na ndolaí agus ar na hualaí a bhaineann leis ar fud an Aontais.

(3) Rannchuidíonn córais idir-inoibritheacha leictreonacha dolaí bóthair leis na cuspóirí a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le dolaí bóthair a bhaint amach.

(4) Is fadhb mhór é an easpa idir-inoibritheachta sna córais leictreonacha dolaí bóthair i gcás ina mbaineann an dola atá le híoc leis an bhfad arna thaisteal ag an bhfeithicil (dolaí fadbhunaithe) nó leis an bhfeithicil a bheith ag dul thar phointe sonrach (mar shampla, praghsáil de réir tródaim). Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha i ndáil le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair ach maidir leis na córais sin agus níor cheart feidhm a bheith acu maidir le córais ina mbaineann an dola atá le híoc leis an bhfad ama arna chaitheamh ag an bhfeithicil ar an mbonneagar lena mbaineann dola (mar shampla, córais ambhunaithe amhail greamáin).

1 Treoir 2004/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair sa Chomhphobal (IO L 166, 30.4.2004, lch. 124).

(5) Baineann fadhb mhór le forfheidhmiú trasteorann na hoibleagáide dolaí san Aontas a íoc i ngach cineál córais, bíodh siad ina gcóras fadbhunaithe, tródambhunaithe nó ambhunaithe, leictreonach nó láimhe. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb a bhaineann le forfheidhmiú trasteorann tar éis mainneachtain dola a íoc, ba cheart feidhm, dá bhrí sin, a bheith ag na forálacha maidir le malartú trasteorann faisnéise maidir leis na córais sin ar fad.

(6) Sa dlí náisiúnta, is féidir an cion arb éard é mainneachtain dola a íoc a aicmiú mar chion riaracháin nó mar chion coiriúil. Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo gan beann ar aicmiú an chiona.

(7) Ós rud é nach bhfuil siad aicmithe go comhleanúnach ar fud an Aontais, agus gur nasc indíreach atá acu le húsáid an bhonneagair, níor cheart táillí páirceála a chur san áireamh i raon feidhme na Treorach seo.

(8) Is gá comhchuibhiú a dhéanamh ar an teicneolaíocht a úsáidtear agus ar na comhéadain idir na comhpháirteanna idir-inoibritheachta ar mhaithe le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair.

(9) Ba cheart caighdeáin iomchuí atá oscailte agus poiblí, a mbeadh fáil ag na soláthraithe córais ar fad orthu ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, a fhorbairt agus a chomhlíonadh ar mhaithe le comhchuibhiú na dteicneolaíochtaí agus na gcomhéadan.

(10) Chun na teicneolaíochtaí cumarsáide is gá a chumhdach lena dtrealamh ar bord (TAB), ba cheart cead a bheith ag soláthraithe Sheirbhís Dolaí Leictreonacha na hEorpa (SDLE) úsáid a bhaint as córais eile crua-earraí agus bogearraí atá san fheithicil cheana féin amhail córais loingseoireachta satailíte nó gléasanna láimhe, agus ba cheart cead a bheith acu nascadh leis na córais sin.

(11) Saintréithe na gcóras leictreonach dolaí bóthair a chuirtear i bhfeidhm ar fheithiclí saothair éadroim faoi láthair, ba cheart iad a chur san áireamh. Ós rud é nach n-úsáidtear suí satailíte ná cumarsáid mhóibíleach in aon chórais leictreonacha dolaí bóthair den sórt sin i láthair na huaire, ba cheart ligean do sholáthraithe SDLE, ar feadh tréimhse theoranta ama, TAB atá oiriúnach lena úsáid le teicneolaíocht mhicreathonnach 5,8 GHz amháin a chur ar fáil d'úsáideoirí feithiclí saothair éadroim. Níor cheart gur dochar an maolú sin do cheart na mBallstát dolaí atá bunaithe ar shatailítí a chur chun feidhme le haghaidh feithiclí saothair éadroim.

(12) Le córais bailiúcháin dolaí atá bunaithe ar theicneolaíocht uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR), is gá níos mó seiceálacha láimhe a dhéanamh ar idirbhearta dolaí sa chúloifig ná i gcás córais lena n-úsáidtear TAB. Tá na córais lena n-úsáidtear TAB níos éifeachtúla le haghaidh fearainn mhóra dola leictreonaigh, agus tá córais lena n-úsáidtear teicneolaíocht ANPR níos oiriúnaí d'fhearainn bheaga, amhail dolaí cathrach, lena mbainfeadh costais dhíréireacha nó ualaí riaracháin dá n-úsáidfí TAB. Is féidir le teicneolaíocht ANPR a bheith úsáideach go háirithe nuair a chomhcheanglaítear le teicneolaíochtaí eile é.

(13) I bhfianaise forbairtí teicniúla a bhaineann le réitigh atá bunaithe ar theicneolaíocht ANPR, ba cheart na comhlachtaí caighdeánaithe a spreagadh leis na caighdeáin theicniúla is gá a shainiú.

(14) Ba cheart feidhm a bheith ag cearta agus oibleagáidí sonracha na soláthraithe SDLE maidir le heintitis a chruthaíonn go bhfuil ceanglais áirithe comhlíonta acu agus a bhfuil clárú mar sholáthraithe SDLE faighte acu ina mBallstát bunaíochta.

(15) Ba cheart cearta agus oibleagáidí na bpríomhghníomhaithe SDLE, is é sin le rá, soláthraithe SDLE, muirearóirí dolaí agus úsáideoirí SDLE, a shainiú go soiléir chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh ar bhealach cóir agus éifeachtúil.

(16) Tá sé tábhachtach, go háirithe, cosaint a thabhairt do chearta áirithe de chuid na soláthraithe SDLE, amhail an ceart go gcosnófaí sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus sin a dhéanamh gan tionchar diúltach a bheith ar cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil do mhuirearóirí dolaí agus d'úsáideoirí SDLE. Go háirithe, níor cheart ceangal a bheith ar an muirearóir dolaí aon sonraí atá íogair ó thaobh an tráchtála de a nochtadh d'aon cheann d'iomaitheoirí an tsoláthraí SDLE. Ba cheart méid agus cineál na sonraí a chuireann soláthraithe SDLE in iúl do mhuirearóirí dolaí, chun na críche dolaí a ríomh agus a chur i bhfeidhm nó chun na críche ríomh an dola arna chur i bhfeidhm ag soláthraithe SDLE ar fheithiclí na n-úsáideoirí SDLE a fhíorú, a choimeád chomh híseal agus is féidir.

(17) Ba cheart ceangal a bheith ar sholáthraithe SDLE comhoibriú go hiomlán le muirearóirí dolaí lena n-iarrachtaí forfheidhmithe, sa chaoi go gcuirfear le héifeachtúlacht fhoriomlán na gcóras leictreonach dolaí bóthair. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag muirearóirí dolaí, i gcás ina bhfuil amhras ann go raibh mainneachtain dola a íoc, a iarraidh ar an soláthraí SDLE sonraí a bhaineann leis an bhfeithicil agus le húinéir nó sealbhóir na feithicle arb é cliant an tsoláthraí SDLE é, ar choinníoll nach n-úsáidfear na sonraí sin chun aon chríche eile seachas chun críche forfheidhmithe.

(18) Chun a chur ar chumas soláthraithe SDLE dul in iomaíocht, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, do gach cliant i bhfearann SDLE ar leith, tá sé tábhachtach an deis a thabhairt dóibh creidiúnú a fháil san fhearann sin sách luath ionas gur féidir leo seirbhísí a thairiscint do na húsáideoirí amhail ó chéad lá oibriúcháin an chórais dolaí.

(19) Ba cheart do mhuirearóirí dolaí rochtain a thabhairt do sholáthraithe SDLE ar a bhfearann SDLE ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

(20) Chun trédhearcacht agus rochtain neamh-idirdhealaitheach ar fhearainn SDLE do na soláthraithe SDLE ar fad a áirithiú, ba cheart do mhuirearóirí dolaí an fhaisnéis ar fad is gá a bhaineann le cearta rochtana a fhoilsiú i ráiteas fearainn SDLE.

(21) Ba cheart na lacáistí nó na lascainí ar fad a thairgeann Ballstát nó muirearóir dolaí d'úsáideoirí TAB a bheith trédhearcach, fógartha go poiblí agus ar fáil faoi na coinníollacha céanna do chliaint na soláthraithe SDLE.

(22) Ba cheart soláthraithe SDLE a bheith i dteideal cúiteamh cóir a fháil, a ríomhfaí ar bhonn modheolaíocht thrédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus chomhionann.

(23) Ba cheart cead a bheith ag muirearóirí dolaí a asbhaint ó luach saothair na soláthraithe SDLE na costais iomchuí arna dtabhú chun na gnéithe den chóras leictreonach dolaí bóthair a bhaineann go sonrach le SDLE a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil.

(24) Ba cheart do sholáthraithe SDLE na dolaí ar fad atá le híoc ag a gcliaint a íoc leis an muirearóir dolaí. Níor cheart soláthraithe SDLE a bheith faoi dhliteanas, áfach, i leith dolaí nach bhfuil íoctha ag a gcliaint, i gcás ina bhfuil TAB ag na cliaint a bhfuil dearbhú tugtha ina leith don mhuirearóir dolaí gur TAB neamhbhailí é.

(25) I gcás ina bhfuil róil eile ag eintiteas dlítheanach, ar soláthraí seirbhíse dolaí é, i gcóras leictreonach dolaí bóthair, nó ina bhfuil gníomhaíochtaí eile aige nach mbaineann go díreach le ríomhbhailiú dolaí, ba cheart ceangal a bheith air taifid chuntasaíochta a choinneáil lenar féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na costais agus an t-ioncam a bhaineann le soláthar na seirbhísí dolaí agus na costais agus an t-ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí eile, agus, arna iarraidh sin, faisnéis a sholáthar faoi na costais sin agus faoin ioncam sin a bhaineann le soláthar na seirbhísí dolaí don Chomhlacht Idir-Réitigh ábhartha nó don chomhlacht breithiúnach ábhartha. Níor cheart tras-fhóirdheontais idir na gníomhaíochtaí arna ndéanamh i ról an tsoláthraí seirbhíse dolaí agus gníomhaíochtaí eile a cheadú.

(26) Ba cheart an deis a bheith ag úsáideoirí clárú le SDLE trí aon soláthraí SDLE, gan beann ar a náisiúntacht, ar an mBallstát cónaithe ná ar an mBallstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe.

(27) Chun íocaíocht dhúbailte a sheachaint agus chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt d’úsáideoirí, ba cheart a mheas gur leor do sholáthraí SDLE dola a íoc chun oibleagáidí an úsáideora i leith an mhuirearóra dolaí ábhartha a chomhlíonadh.

(28) Ba cheart a áirithiú sa chaidreamh conarthach idir muirearóirí dolaí agus soláthraithe SDLE, inter alia, go n-íoctar dolaí i gceart.

(29) Ba cheart nós imeachta idirghabhála a bhunú d'fhonn díospóidí idir muirearóirí dolaí agus soláthraithe SDLE le linn caibidlíochtaí conarthacha agus ina gcaidreamh conarthach a réiteach. Muirearóirí dolaí agus soláthraithe SDLE atá ag lorg socrú díospóide a bhaineann leis an gceart go dtabharfaí rochtain neamh-idirdhealaitheach ar fhearainn SDLE, ba cheart dóibh dul i gcomhairle le Comhlachtaí Idir-réitigh Náisiúnta.

(30) Ba cheart an chumhacht a bheith ag na Comhlachtaí Idir-réitigh a fhíorú go bhfuil na coinníollacha conarthacha arna bhforchur ar aon soláthraí SDLE neamh-idirdhealaitheach. Go háirithe, ba cheart an chumhacht a bheith acu a fhíorú go n-urramaíonn an luach saothair a thairgeann an muirearóir dolaí do na soláthraithe SDLE na prionsabail a leagtar amach sa Treoir seo.

(31) Is ionann sonraí tráchta na n-úsáideoirí SDLE agus ionchur atá bunriachtanach chun feabhas a chur ar bheartais iompair na mBallstát. Ba cheart deis a bheith ag na Ballstáit, dá bhrí sin, sonraí den sórt sin a iarraidh ar soláthraithe seirbhíse dola, lena n-áirítear ar sholáthraithe SDLE chun na críche beartais tráchta a cheapadh agus feabhas a chur ar an mbainistiú tráchta nó le haghaidh úsáid neamhthráchtála eile ag an Stát, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

(32) Tá gá le creat lena leagfar síos na nósanna imeachta maidir le soláthraithe SDLE a chreidiúnú d'fhearann SDLE agus lena n-áiritheofar rochtain chóir ar an margadh agus lena gcosnófar, san am céanna, an leibhéal seirbhíse leordhóthanach. Ba cheart a leagan amach go mionsonrach i ráiteas fearainn SDLE an nós imeachta chun soláthraí SDLE a chreidiúnú d'fhearann SDLE, agus go háirithe an nós imeachta chun an chomhréireacht le sonraíochtaí agus oiriúnacht úsáide na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a sheiceáil. Ba cheart an nós imeachta a bheith mar an gcéanna do na soláthraithe SDLE ar fad.

(33) Chun go mbeidh rochtain éasca ag gníomhaithe margaidh SDLE ar fhaisnéis, ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit na sonraí tábhachtacha ar fad a bhaineann le SDLE a fhoilsiú i gcláir náisiúnta atá ar fáil go poiblí.

(34) Chun dul chun cinn teicneolaíochta a éascú, tá sé tábhachtach go mbeadh an deis ag muirearóirí dolaí tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nó coincheapa nua chun dolaí a bhailiú. Ba cheart na tástálacha sin a bheith teoranta, áfach, agus níor cheart ceangal a bheith ar sholáthraithe SDLE a bheith rannpháirteach iontu. Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún gan tástálacha den sórt sin a údarú más rud é go bhféadfaidís dochar a dhéanamh d'fheidhmiú cuí na ngnáthchóras leictreonach dolaí bóthair nó SDLE.

(35) De dheasca éagsúlachtaí móra i sonraíochtaí teicniúla na gcóras leictreonach dolaí bóthair, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí idir-inoibritheacht na ndolaí leictreonacha ar fud AE a bhaint amach, agus, dá bhrí sin, go leanfaí leis an staid reatha ina mbíonn roinnt píosaí TAB ag teastáil ó úsáideoirí chun dolaí a íoc san Aontas. Tá drochthionchar ag an staid sin ar éifeachtúlacht na n-oibríochtaí iompair, ar chost-éifeachtúlacht na gcóras bailiúcháin dolaí, agus ar bhaint amach chuspóirí na mbeartas iompair. Ba cheart aghaidh a thabhairt, dá bhrí sin, ar na saincheisteanna is cúis leis an staid sin.

(36) Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar an idir-inoibritheacht trasteorann ar fud an Aontais, is é an cuspóir sa mheántéarma go dtí an fadtéarma go bhféadfaí taisteal trasna an Aontais le gan ach píosa amháin TAB. Dá bhrí sin, chun ualaí riaracháin agus costais ar úsáideoirí bóthair a sheachaint, tá sé tábhachtach go mbunódh an Coimisiún treochlár chun an cuspóir sin a bhaint amach, agus chun saorghluaiseacht daoine agus earraí san Aontas a éascú, gan tionchar diúltach a bheith aige sin ar an iomaíocht ar an margadh.

(37) Is seirbhís mhargadhbhunaithe é SDLE agus, dá bhrí sin, níor cheart oibleagáid a bheith ar sholáthraithe SDLE a gcuid seirbhísí a sholáthar ar fud an Aontais. Chun leas na n-úsáideoirí, áfach, ba cheart do sholáthraithe SDLE gach fearann SDL in aon Bhallstát a chinneann siad a gcuid seirbhísí a sholáthar ann a chumhdach. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh i dtaobh an mbíonn sé de thoradh ar an tsolúbthacht a thugtar do sholáthraithe SDLE go ndéantar fearainn bheaga nó imeallacha SDLE a eisiamh ó SDLE, agus, má fhaigheann sé gurb é sin an toradh, ba cheart dó gníomhú i gcás inar gá.

(38) Ba cheart cur síos mionsonrach a dhéanamh sa ráiteas fearainn SDLE ar na creatchoinníollacha tráchtála d’oibríochtaí na soláthraithe SDLE san fhearann SDLE lena mbaineann. Go háirithe, ba cheart cur síos a dhéanamh ann ar an modheolaíocht a úsáidtear chun luach saothair na soláthraithe SDLE a ríomh.

(39) I gcás ina bhfuil córas leictreonach dolaí bóthair nua á sheoladh nó ina bhfuil córas atá ann cheana á mhodhnú go substaintiúil, ba cheart don mhuirearóir dolaí na ráitis fearainn SDLE atá nua nó tugtha cothrom le dáta a fhoilsiú agus fógra leordhóthanach tugtha aige chun gur féidir soláthraithe SDLE a chreidiúnú nó a athchreidiúnú don chóras, ar a dhéanaí, mí amháin roimh lá an tseolta oibriúcháin. Ba cheart don mhuirearóir dolaí an nós imeachta maidir le soláthraithe SDLE a chreidiúnú nó a athchreidiúnú, faoi seach, a cheapadh agus a leanúint ar bhealach lenar féidir an nós imeachta a thabhairt i gcrích, ar a dhéanaí, mí amháin roimh sheoladh oibriúcháin an chórais nua nó an chórais atá modhnaithe go substaintiúil. Ba cheart do mhuirearóirí dolaí cloí lena gcuid féin den nós imeachta atá beartaithe mar atá leagtha síos sa ráiteas fearainn SDLE.

(40) Níor cheart do mhuirearóirí dolaí a iarraidh ná a cheangal ar sholáthraithe SDLE aon réitigh theicniúla shonracha a thabhairt a d’fhéadfadh an idir-inoibritheacht le fearainn SDLE eile agus le comhpháirteanna idir-inoibritheachta an tsoláthraí SDLE atá ann cheana a chur i mbaol.

(41) Tá an deis ag SDLE na costais riaracháin agus na hualaí riaracháin atá ar oibreoirí agus tiománaithe idirnáisiúnta iompair de bhóthar a laghdú go suntasach.

(42) Ba cheart cead a bheith ag soláthraithe SDLE sonraisc a eisiúint d'úsáideoirí SDLE. Ba cheart cead a bheith ag muirearóirí dolaí, áfach, a iarraidh go seolfaí sonraisc thar a gceann agus faoina n-ainm, toisc gur féidir impleachtaí díobhálacha riaracháin agus cánach a bheith ag an sonrascadh díreach faoi ainm an tsoláthraí SDLE, i bhfearainn áirithe SDLE.

(43) Ba cheart do gach Ballstát ag a bhfuil dhá fhearann SDLE ar a laghad oifig teagmhála a ainmniú do sholáthraithe SDLE ar mian leo SDLE a sholáthar ina chríoch chun an teagmháil a bhíonn acu leis na muirearóirí dolaí a éascú.

(44) Le haghaidh seirbhísí leictreonacha dolaí agus seirbhísí eile, amhail feidhmeanna córas cliste iompair atá comhoibritheach (CCI-C), úsáidtear teicneolaíochtaí comhchosúla agus bandaí minicíochta atá in aice a chéile i gcomhair cumarsáid ghearr-raoin ó fheithicil go feithicil agus ó fheithicil go bonneagar. Amach anseo, is fiú an fhéidearthacht a bhaineann le teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn a úsáid i gcórais leictreonacha dolaí a fhiosrú, i ndiaidh measúnú críochnúil ar na costais, na tairbhí, na bacainní teicniúla agus na réitigh a d'fhéadfaí a úsáid ar na bacainní sin. Tá sé tábhachtach go gcuirfí bearta chun feidhme chun go gcosnófaí na hinfheistíochtaí atá déanta cheana i dteicneolaíocht mhicreathonnach 5,8 Ghz ar chur isteach ó theicneolaíochtaí eile.

(45) Gan dochar don dlí maidir le Státchabhair agus do dhlí na hiomaíochta, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit bearta a fhorbairt chun ríomhbhailiú agus ríomhbhillí dolaí a chur chun cinn.

(46) Nuair a dhéanfaidh comhlachtaí caighdeánaithe athbhreithniú ar na caighdeáin ábhartha maidir le SDLE, ba cheart socruithe iomchuí idirthréimhse a bheith ann chun leanúnachas SDLE a áirithiú agus chun a áirithiú gur comhoiriúnach, do na córais dolaí, na comhpháirteanna idir-inoibritheachta atá in úsáid cheana féin tráth an athbhreithnithe ar na caighdeáin.

(47) Ba cheart do SDLE ligean don idirmhódúlacht teacht chun cinn, agus na prionsabail "íoc mar a úsáidtear" agus "íoc mar a thruaillítear" á saothrú ag an am céanna.

(48) De dheasca na bhfadhbanna a bhaineann le ciontóirí neamhchónaitheacha i gcoinne córais leictreonacha dolaí bóthair a shainaithint, cuirtear bac ar fhorbairt thuilleadh córas den sórt sin agus ar chur i bhfeidhm níos fairsinge na bprionsabal "íoc mar a úsáidtear" agus "íoc mar a thruaillítear" ar bhóithre an Aontais agus is gá, dá bhrí sin, teacht ar bhealach chun na daoine sin a shainaithint agus chun a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil.

(49) Ar chúiseanna comhsheasmhachta agus úsáide éifeachtúla acmhainní, ba cheart na huirlisí céanna a úsáid sa chóras malartaithe faisnéise faoi dhaoine nach n-íocann dola, agus faoina bhfeithiclí, agus a úsáidtear sa chóras malartaithe faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(50) I mBallstáit áirithe, ní chinntear gur mainneachtain a bhí ann dola a íoc go dtí go dtugtar fógra don úsáideoir faoin oibleagáid an dola a íoc. Toisc nach ndéanfar comhchuibhiú leis an Treoir seo ar na dlíthe náisiúnta ina leith sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit an Treoir seo a chur i bhfeidhm chun úsáideoirí agus feithiclí a shainaithint chun na críche fógra a thabhairt. Níor cheart an cur i bhfeidhm leathnaithe sin a cheadú, áfach, ach amháin má chomhlíontar coinníollacha áirithe.

---

[1] Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (IO L 68, 13.3.2015, lch. 9).

(51) Níl na himeachtaí leantacha a thionscnaítear tar éis mainneachtain dola a íoc comhchuibhithe ar fud an Aontais. Is minic a thugtar an deis don úsáideoir bóthair sainaitheanta an dola atá dlite, nó méid socraithe ina ionad, a íoc go díreach leis an eintiteas atá freagrach as an dola a thobhach, sula gcuirfidh údaráis na mBallstát tús le haon imeachtaí breise riaracháin nó coiriúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh nós imeachta éifeachtúil chun deireadh a chur leis an mainneachtain dola a íoc ar fáil faoi théarmaí comhchosúla do gach úsáideoir bóthair. Chun na críche sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a chur ar fáil don eintiteas atá freagrach as an dola a thobhach na sonraí is gá chun an fheithicil ar ina leith a mainníodh dola a íoc agus chun úinéir nó sealbhóir na feithicle a shainaithint, ar choinníoll go n-áiritheofaí go dtabharfaí cosaint chuí do shonraí pearsanta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfí deireadh leis an mainneachtain dola a íoc dá gcomhlíonfaí an t-ordú íocaíochta arna eisiúint ag an eintiteas lena mbaineann.

(52) I mBallstáit áirithe, meastar gur mainneachtain dola a íoc é easpa nó mífheidhmiú TAB i gcás nach féidir dolaí den sórt sin a íoc ach le TAB.

(53) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis agus na sonraí is gá a thabhairt don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an chórais malartaithe faisnéise faoi dhaoine nach n-íocann dola. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis arna bhfáil, agus leasuithe ar an Treoir seo a mholadh, más gá.

(54) Agus é ag déanamh anailís ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun forfheidhmiú trasteorann na hoibleagáide dolaí a íoc san Aontas a éascú tuilleadh, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ina thuarascáil freisin ar an ngá atá le cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit.

(55) Tá próiseáil sonraí pearsanta i gceist le forfheidhmiú na hoibleagáide dolaí a íoc, le sainaithint na feithicle agus sainaithint úinéir agus shealbhóir na feithicle ar cinneadh ina leith gur mainneachtain a bhí ann dola a íoc agus le bailiú na faisnéise faoin úsáideoir chun a áirithiú go gcomhlíonann an muirearóir dolaí a chuid oibleagáidí i leith na n-údarás cánach. Is gá próiseáil den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le rialacha an Aontais, mar a leagtar amach, inter alia, i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], i dTreoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus i dTreoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Aithnítear go sainráite in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint .

(56) Ní dhéanann an Treoir seo difear do shaoirse na mBallstát rialacha a leagan síos lena rialaítear muirir ar úsáid bonneagair bóthair agus cúrsaí cánachais.

---

1 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

2 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

3 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

(57) Chun malartú trasteorann faisnéise faoi na feithiclí agus úinéirí nó sealbhóirí feithiclí lenar bhain mainneachtain dolaí a íoc a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hIarscríbhinn I a leasú chun athruithe i ndlí an Aontais a léiriú. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin i dtaca leis na mionsonraí a leagan síos chun feithiclí a aicmiú chun críocha na scéimeanna taraifí is infheidhme a bhunú, le hoibleagáidí na n-úsáideoirí SDLE a shainiú tuilleadh maidir le sonraí a sholáthar don soláthraí SDLE agus úsáid agus láimhseáil an TAB, leis na ceanglais a leagan síos le haghaidh comhpháirteanna idir-inoibritheachta maidir le sábháilteacht agus sláinte, iontaofacht agus infhaighteacht, caomhnú an chomhshaoil, comhoiriúnacht theicniúil, slándáil agus príobháideacht agus oibriú agus bainistiú, leis na ceanglais ghinearálta bonneagair a leagan síos le haghaidh comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus leis na critéir íosta incháilitheachta a leagan síos le haghaidh comhlachtaí dá dtugtar fógra. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(58) Chun an Treoir seo a chur chun feidhme, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí teicniúla agus riaracháin chun na nósanna imeachta lena mbaineann gníomhaithe SDLE agus na comhéadain eatarthu a imlonnú sna Ballstáit, sa chaoi go n-éascófar an idir-inoibritheacht agus go n-áiritheofar go rialófar na margaí náisiúnta bailiúcháin dolaí le rialacha comhionanna. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme agus chun na sonraíochtaí teicniúla agus riaracháin sin a shainiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(59) Níor cheart gur dochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis an teorainn ama chun an Treoir a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a thrasuí sa dlí náisiúnta.

(60) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe cosaint sonraí pearsanta.

(61) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2],

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

2 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

# Caibidil I
# Forálacha Ginearálta

*Airteagal 1*

*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leagtar síos sa Treoir seo na coinníollacha is gá chun na gcríoch seo a leanas:

(a) idir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair a áirithiú ar ghréasán bóithre iomlán an Aontais, ar mhótarbhealaí uirbeacha agus idiruirbeacha, ar phríomhbhóithre agus ar mhionbhóithre, agus ar struchtúir éagsúla, amhail tolláin nó droichid, agus báid farantóireachta; agus

(b) éascaíocht a dhéanamh ar mhalartú trasteorann sonraí clárúcháin feithiclí maidir leis na feithiclí agus úinéirí nó sealbhóirí feithiclí lenar bhain mainneachtain dolaí d'aon chineál san Aontas a íoc.

Chun prionsabal na coimhdeachta a urramú, beidh feidhm ag an Treoir seo gan dochar do na cinntí a dhéanann na Ballstáit dolaí a thobhach ar chineálacha áirithe feithiclí, agus chun leibhéal na ndolaí sin a chinneadh agus chun an cuspóir a dtoibhítear na dolaí sin chuige a chinneadh.

2. Níl feidhm ag Airteagail 3 go 22 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) córais dolaí bóthair nach córais leictreonacha iad de réir bhrí phointe 10 d'Airteagal 2; agus

(b) córais dolaí bóthair ar córais bheaga áitiúla amháin iad a mbeadh na costais a chuirfí orthu dá mbeadh orthu ceanglais Airteagail 3 go 22 a chomhlíonadh díréireach leis na sochair.

3. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le táillí páirceála.

4. An cuspóir maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair san Aontas, déanfar é a bhaint amach trí Sheirbhís Dolaí Leictreonacha na hEorpa (SDLE) a bheidh comhlántach leis na seirbhísí náisiúnta leictreonacha dolaí atá ag na Ballstáit.

5. I gcás inar gá fógra a thabhairt, faoin dlí náisiúnta, don úsáideoir faoin oibleagáid dola a íoc sular féidir a chinneadh gur mainneachtain dola a íoc a bhí ann, ní fhéadfaidh na Ballstáit an Treoir seo a chur i bhfeidhm freisin chun críocha úinéir nó sealbhóir na feithicle agus an fheithicil féin a shainaithint chun críocha fógra a thabhairt, ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha ar fad seo a leanas:

(a) níl aon bhealach eile ann chun úinéir nó sealbhóir na feithicle a shainaithint; agus

(b) is cuid éigeantach den nós imeachta maidir le híocaíocht an dola faoin dlí náisiúnta é fógra a thabhairt d'úinéir nó sealbhóir na feithicle faoin oibleagáid an dola a íoc.

6. I gcás ina gcuireann Ballstát mír 5 i bhfeidhm, déanfaidh sé na bearta is gá chun a áirithiú gurb iad na húdaráis phoiblí a thabharfaidh aon imeachtaí leantacha maidir leis an oibleagáid an dola a íoc. Cuimseoidh na tagairtí do mhainneachtain dola a íoc sa Treoir seo cásanna a chumhdaítear faoi mhír 5 má chuireann an Ballstát inar tharla an mhainneachtain an dola a íoc an mhír sin i bhfeidhm.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ' seirbhís dolaí' an tseirbhís lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí feithicil a úsáid i bhfearann SDLE amháin nó níos mó faoi chonradh aonair agus, i gcás inar gá, le sraith amháin de threalamh ar bord (TAB), agus lena n-áirítear:

(a) i gás inar gá, TAB saincheaptha a sholáthar d'úsáideoirí agus feidhmiúlacht an TAB sin a chothabháil;

(b) a áirithiú go n-íoctar an dola atá le híoc ag an úsáideoir leis an muirearóir dolaí;

(c) na modhanna trína ndéanfar an íocaíocht a sholáthar don úsáideoir nó glacadh le modh atá ann cheana;

(d) an dola a bhailiú ón úsáideoir;

(e) an caidreamh custaiméara leis an úsáideoir a bhainistiú; agus

(f) na beartais slándála agus phríobháideachta do na córais dolaí bóthair a chur chun feidhme agus cloí leo;

(2) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse dolaí' eintiteas dlítheanach a sholáthraíonn seirbhísí dolaí ar fhearann SDLE amháin nó níos mó le haghaidh aicme feithiclí amháin nó níos mó;

(3) ciallaíonn 'muirearóir dolaí' eintiteas poiblí nó príobháideach a thoibhíonn dolaí as cúrsaíocht feithiclí i bhfearann SDLE;

(4) ciallaíonn 'muirearóir dolaí ainmnithe' eintiteas poiblí nó príobháideach atá ainmnithe mar mhuirearóir dolaí i bhfearann SDLE a bheidh ann amach anseo;

(5) ciallaíonn 'Seirbhís Dolaí Leictreonacha na hEorpa (SDLE)' an tseirbhís dolaí a sholáthraíonn soláthraí SDLE faoi chonradh d'úsáideoir SDLE ar fhearann SDLE amháin nó níos mó;

(6) ciallaíonn 'soláthraí SDLE' eintiteas a dheonaíonn, faoi chonradh ar leithligh, rochtain ar SDLE d'úsáideoir SDLE, a aistríonn na dolaí chuig an muirearóir dolaí ábhartha, agus atá cláraithe ag a mBallstát bunaíochta;

(7) ciallaíonn 'úsáideoir SDLE' duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil conradh aige le soláthraí SDLE chun rochtain a fháil ar SDLE;

(8) ciallaíonn 'fearann SDLE' bóthar, gréasán bóithre, struchtúr, amhail droichead nó tollán, nó bád farantóireachta, ina mbailítear dolaí trí úsáid a bhaint as córas leictreonach dolaí bóthair;

(9) ciallaíonn 'córas comhlíontach SDLE' sraith na ngnéithe de chóras leictreonach dolaí bóthair a bhfuil gá sonrach leo chun soláthraithe SDLE a chomhtháthú sa chóras agus ar mhaithe le hoibriú SDLE;

(10) ciallaíonn 'córas leictreonach dolaí bóthair' córas bailiúcháin dolaí ina dtionscnaítear an oibleagáid atá ar an úsáideoir an dola a íoc nuair a bhraitear go huathoibríoch, agus ar an gcaoi sin amháin, gurb ann don fheithicil i suíomh áirithe, agus ina mbaineann an oibleagáid leis sin amháin, trí chianchumarsáid a dhéanamh leis an TAB atá san fheithicil nó trí uathaithint uimhirphlátaí;

(11) ciallaíonn 'trealamh ar bord (TAB)' sraith iomlán na gcomhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí atá le húsáid mar chuid den tseirbhís dolaí atá suiteáilte nó a iompraítear ar bord feithicle chun sonraí a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil agus a ghlacadh agus a tharchur ó chian, mar fhearas ar leithligh nó leabaithe san fheithicil;

(12) ciallaíonn 'príomhsholáthraí seirbhíse' soláthraí seirbhíse dolaí ar a bhfuil oibleagáidí sonracha, amhail an oibleagáid conarthaí a shíniú leis na húsáideoirí leasmhara ar fad, nó cearta sonracha, amhail luach saothair sonrach nó conradh fadtéarmach ráthaithe, atá difriúil le cearta agus oibleagáidí na soláthraithe seirbhíse eile;

(13) ciallaíonn ‘comhpháirt idir-inoibritheachta’ aon chomhpháirt bhunúsach, grúpa comhpháirteanna, fochóimeáil nó cóimeáil iomlán trealaimh atá ionchorpraithe nó a bhfuil sé beartaithe iad a ionchorprú in SDLE ar a bhfuil idir-inoibritheacht na seirbhíse ag brath go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear idir réada inláimhsithe agus réada doláimhsithe amhail bogearraí;

(14) ciallaíonn ‘oiriúnacht úsáide’ an cumas atá i gcomhpháirt idir-inoibritheachta feidhmíocht shonraithe a bhaint amach agus a choinneáil agus í in úsáid, atá comhtháite go hionadaíoch in SDLE maidir le córas de chuid muirearóra dolaí;

(15) ciallaíonn ‘sonraí comhthéacs dolaí’ an fhaisnéis atá sonraithe ag an muirearóir dolaí freagrach a bhfuil gá léi chun an dola atá le híoc as feithicil a bheith ag cúrsaíocht i bhfearann dola áirithe a shuí agus chun an t-idirbheart dola a thabhairt i gcrích;

(16) ciallaíonn ‘dearbhú dola’ ráiteas chuig muirearóir dolaí lena ndeimhnítear gurb ann d’fheithicil i bhfearann SDLE atá i bhfoirm atá comhaontaithe idir an soláthraí seirbhíse dolaí agus an muirearóir dolaí;

(17) ciallaíonn ‘paraiméadair aicmithe feithicle’ an fhaisnéis a bhaineann leis an bhfeithicil ar dá réir a ríomhtar dolaí bunaithe ar na sonraí comhthéacs dolaí;

(18) ciallaíonn ‘cúloifig’ an córas lárnach leictreonach a úsáideann an muirearóir dolaí, grúpa muirearóirí dolaí a bhfuil mol idir-inoibritheachta cruthaithe acu, nó an soláthraí SDLE chun faisnéis a bhailiú, a phróiseáil agus a sheoladh faoi chuimsiú córas leictreonach dolaí bóthair;

(19) ciallaíonn 'córas atá modhnaithe go substaintiúil' córas leictreonach dolaí bóthair atá ann cheana a bhfuil athrú déanta air nó a bhfuil athrú á dhéanamh air lena gceanglaítear ar sholáthraithe SDLE modhnuithe a dhéanamh ar na comhpháirteanna idir-inoibritheachta atá in úsáid, amhail comhéadain a gcúloifige a athshocrú nó a oiriúnú a mhéid gur gá athchreidiúnú;

(20) ciallaíonn 'creidiúnú' an próiseas a shainíonn agus a bhainistíonn an muirearóir dolaí nach mór do sholáthraí SDLE dul faoi sula dtabharfar údarás dó SDLE a sholáthar i bhfearann SDLE;

(21) ciallaíonn 'dola' an táille nach mór don úsáideoir bóthair a íoc le taisteal ar bhóthar áirithe, ar ghréasán bóithre, ar struchtúr, amhail droichead nó tollán, nó ar bhád farantóireachta;

(22) ciallaíonn 'mainneachtain dola a íoc' an cion arb é atá ann go mainníonn an t-úsáideoir bóthair dola i mBallstát, a shainítear i bhforálacha náisiúnta ábhartha an Bhallstáit sin, a íoc;

(23) ciallaíonn 'Ballstát an chlárúcháin' an Ballstát ina bhfuil an fheithicil atá faoi réir íocaíocht an dola cláraithe;

(24) ciallaíonn 'pointe teagmhála náisiúnta' údarás inniúil ainmnithe de chuid Ballstáit le haghaidh malartú trasteorann sonraí clárúcháin feithiclí;

(25) ciallaíonn 'cuardach uathoibrithe' nós imeachta rochtana ar líne chun bunachair sonraí atá ag ceann amháin, níos mó ná ceann amháin, nó gach ceann de na Ballstáit a cheadú;

(26) ciallaíonn ‘feithicil’ mótarfheithicil, nó comhcheangal feithiclí altacha a úsáidtear chun paisinéirí nó earraí a iompar de bhóthar nó atá beartaithe chuige sin;

(27) ciallaíonn ‘sealbhóir na feithicle’ an duine a bhfuil an fheithicil cláraithe ina ainm, mar a shainítear i ndlí Bhallstát an chlárúcháin;

(28) ciallaíonn ‘feithicil tromshaothair’ feithicil nach mó ná 3,5 tona a huasmhais incheadaithe;

(29) ciallaíonn ‘feithicil saothair éadroim’ feithicil nach mó ná 3,5 tona a huasmhais incheadaithe.

*Airteagal 3*

*Réitigh theicneolaíocha*

1. Bainfidh na córais leictreonacha dolaí bóthair nua uile, ina bhfuil suiteáil nó úsáid TAB de dhíth chun idirbhearta leictreonacha dolaí a chur i gcrích, úsáid as ceann amháin nó níos mó de na teicneolaíochtaí seo a leanas:

(a) suí satailíte;

(b) cumarsáid mhóibíleach;

(c) teicneolaíocht mhicreathonnach 5,8 GHz.

Maidir le córais leictreonacha dolaí bóthair atá ann cheana ina bhfuil suiteáil nó úsáid TAB de dhíth agus a úsáideann teicneolaíochtaí eile, déanfaidh siad na ceanglais a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh má chuirtear feabhsuithe substaintiúla teicneolaíocha i gcrích.

2. Iarrfaidh an Coimisiún ar na comhlachtaí caighdeánaithe ábhartha, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], caighdeáin a ghlacadh go pras atá infheidhme maidir le córais leictreonacha dolaí bóthair i leith na dteicneolaíochtaí a liostaítear sa chéad fhomhír de mhír 1 agus na teicneolaíochta ANPR, agus iad a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá. Iarrfaidh an Coimisiún ar na comhlachtaí caighdeánaithe comhoiriúnacht leanúnach na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a áirithiú.

3. TAB a úsáideann teicneolaíocht suite satailíte agus a chuirtear ar an margadh tar éis an ... [30 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], beidh sé comhoiriúnach do na seirbhísí suite a sholáthraíonn na córais Galileo agus Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí ("EGNOS").

4. Gan dochar do mhír 6, cuirfidh soláthraithe SDLE TAB ar fáil d'úsáideoirí SDLE atá oiriúnach don úsáid, idir-inoibritheach agus in ann cumarsáid a dhéanamh leis na córais leictreonacha dolaí bóthair ábhartha atá i seirbhís sna Ballstáit a úsáideann na teicneolaíochtaí a liostaítear sa chéad fhomhír de mhír 1.

---

[1] Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

5. Féadfaidh an TAB a chrua-earraí agus a bhogearraí féin a úsáid, nó eilimintí de chrua-earraí agus de bhogearraí eile atá san fheithicil a úsáid, nó an dá rud. Chun cumarsáid a dhéanamh le córais eile chrua-earraí atá san fheithicil, féadfaidh an TAB teicneolaíochtaí eile seachas na cinn a liostaítear sa chéad fhomhír de mhír 1 a úsáid, ar choinníoll go n-áiritheofar slándáil, cáilíocht na seirbhíse agus príobháideacht.

Féadfaidh TAB SDLE seirbhísí eile seachas bailiúchán dolaí a éascú, ar choinníoll nach gcuirfidh oibriú na seirbhísí sin isteach ar na seirbhísí dolaí in aon fhearann SDLE.

6. Gan dochar do cheart na mBallstát córais leictreonacha dolaí bóthair a thabhairt isteach d'fheithiclí saothair éadroim bunaithe ar shuí satailíte nó cumarsáid mhóibíleach, féadfaidh soláthraithe SDLE a sholáthar d'úsáideoirí feithiclí saothair éadroim, go dtí an 31 Nollaig 2027, TAB atá oiriúnach lena úsáid le teicneolaíocht mhicreathonnach 5,8 GHz amháin atá le húsáid i bhfearainn SDLE nach gá teicneolaíochtaí suite satailíte ná cumarsáide móibílí.

## Caibidil II
## Prionsabail Ghinearálta SDLE

*Airteagal 4*

*Soláthraithe SDLE a chlárú*

Bunóidh gach Ballstát nós imeachta chun soláthraithe SDLE a chlárú. Deonóidh sé clárúchán d'eintitis atá bunaithe ar a chríoch, a iarrann clárúchán agus ar féidir leo a thaispeáint go gcomhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

(a) tá deimhniú EN ISO 9001 nó a chomhionann acu;

(b) tá trealamh teicniúil agus dearbhú CE nó deimhniú lena bhfianaítear go gcomhlíonann na comhpháirteanna idir-inoibritheachta na sonraíochtaí acu;

(c) tá an inniúlacht acu i soláthar seirbhísí dolaí leictreonacha nó i réimsí ábhartha eile;

(d) tá seasamh airgeadais iomchuí acu;

(e) coinníonn siad plean uilíoch bainistithe riosca a ndéantar iniúchadh air gach dhá bhliain ar a laghad; agus

(f) tá dea-cháil orthu.

*Airteagal 5*

*Cearta agus oibleagáidí soláthraithe SDLE*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfaidh na soláthraithe SDLE atá cláraithe acu conarthaí SDLE i gcrích lena gcumhdaítear na fearainn SDLE ar fad ar chríocha ceithre Bhallstát ar a laghad laistigh den 36 mhí tar éis a gcláraithe i gcomhréir le hAirteagal 4. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfaidh na soláthraithe SDLE sin conarthaí i gcrích lena gcumhdaítear na fearainn SDLE ar fad ar i mBallstát ar leith laistigh den 24 mhí tar éis an chéad chonradh a thabhairt i gcrích sa Bhallstát sin, seachas le haghaidh na bhfearann SDLE sin nach bhfuil Airteagal 6(3) á chomhlíonadh iontu ag na muirearóirí dolaí freagracha.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcoinníonn na soláthraithe SDLE atá cláraithe acu cumhdach na bhfearann SDLE ar fad i gcónaí a luaithe a bheidh conarthaí lena n-aghaidh tugtha i gcrích acu. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh soláthraí SDLE, i gcás nach féidir leis cumhdach fearainn SDLE a choinneáil ar an ábhar nach gcomhlíonann an muirearóir dolaí an Treoir seo, cumhdach an fhearainn lena mbaineann a athbhunú a luaithe is féidir.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe SDLE atá cláraithe acu faisnéis a fhoilsiú faoin gcumhdach a dhéanann siad ar fhearainn SDLE agus faoi aon athruithe a dhéantar ar an méid sin, agus, laistigh de mhí amháin tar éis an chlárúcháin, pleananna mionsonraithe a fhoilsiú maidir le haon leathnú ar a seirbhís lena gcumhdófaí fearainn SDLE eile, mar aon le nuashonruithe bliantúla.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás inar gá, go ndéanfaidh soláthraithe SDLE atá cláraithe acu, nó a sholáthraíonn an SDLE ar a gcríoch, a sholáthar d'úsáideoirí SDLE TAB a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo, mar aon leis na cinn a leagtar amach i dTreoracha 2014/53/AE[1] agus 2014/30/AE[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Féadfaidh siad fianaise a iarraidh ar sholáthraithe SDLE lena mbaineann go bhfuil na ceanglais sin comhlíonta.

5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcoinneoidh soláthraithe SDLE a sholáthraíonn an SDLE ar a gcríoch liostaí de TAB atá neamhbhailí a bhaineann lena gconarthaí SDLE leis na húsáideoirí SDLE. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go gcoinneofar na liostaí sin i gcomhréir dhocht le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar amach, inter alia, i Rialachán (AE) 2016/679 agus i dTreoir 2002/58/CE.

---

1 Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

2 Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 79).

6. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe SDLE atá cláraithe acu a mbeartas conarthach i leith úsáideoirí SDLE a chur ar fáil go poiblí.

7. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe SDLE a sholáthraíonn an SDLE ar a gcríoch a sholáthar do mhuirearóirí dolaí an fhaisnéis atá de dhíth orthu chun an dola a ghearrtar ar fheithiclí na n-úsáideoirí SDLE a ríomh agus a chur i bhfeidhm nó a sholáthar do mhuirearóirí dolaí an fhaisnéis ar fad is gá chun gur féidir leo ríomh an dola arna chur i bhfeidhm ar fheithiclí úsáideoirí SDLE ag na soláthraithe SDLE a fhíorú.

8. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhoibreoidh soláthraithe SDLE a sholáthraíonn an SDLE ar a gcríoch le muirearóirí dolaí ina gcuid iarrachtaí ciontóirí amhrasta a shainaithint. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil amhras ann go raibh mainneachtain dola a íoc, go mbeidh an muirearóir dolaí in ann a fháil ón soláthraí SDLE na sonraí maidir leis an bhfeithicil lena mbaineann an mhainneachtain amhrasta dola a íoc agus maidir le húinéir nó sealbhóir na feithicle sin ar cliant de chuid an tsoláthraí SDLE sin é. Cuirfidh an soláthraí SDLE na sonraí sin ar fáil ar an toirt.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach nochtfaidh an muirearóir dolaí na sonraí sin d’aon soláthraí seirbhíse dolaí eile. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil an muirearóir dolaí comhtháite i dteannta soláthraí seirbhíse dolaí in eintiteas amháin, go n-úsáidfear na sonraí chun na críche ciontóirí amhrasta a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, nó i gcomhréir le hAirteagal 27(3).

9. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh muirearóir dolaí atá freagrach as fearann SDLE ar a gcríoch in ann a fháil ó sholáthraí SDLE na sonraí maidir leis na feithiclí ar fad atá faoi úinéireacht nó i seilbh chliaint an tsoláthraí SDLE, a thiomáin, i dtréimhse ar leith, ar an bhfearann SDLE a bhfuil an muirearóir dolaí freagrach as, mar aon leis na sonraí maidir le húinéirí nó sealbhóirí na bhfeithiclí sin, ar choinníoll go bhfuil na sonraí sin de dhíth ar an muirearóir dolaí chun a chuid oibleagáidí i leith na n-údarás cánach a chomhlíonadh. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an soláthraí SDLE na sonraí arna n-iarraidh ar fáil tráth nach déanaí ná dhá lá tar éis an iarraidh a fháil. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú nach nochtfaidh an muirearóir dolaí na sonraí sin d’aon soláthraí seirbhíse dolaí eile. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil an muirearóir dolaí comhtháite i dteannta soláthraí seirbhíse dolaí in eintiteas amháin, go n-úsáidfear na sonraí chun na críche go gcomhlíonfadh an muirearóir dolaí a chuid oibleagáidí i leith na n-údarás cánach, agus chun na críche sin amháin.

10. Déanfar na sonraí a sholáthraíonn soláthraithe SDLE do mhuirearóirí dolaí a phróiseáil i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679, mar aon leis na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin náisiúnta lena dtrasuítear Treoracha 2002/58/CE agus (AE) 2016/680.

11. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun hoibleagáidí atá ar na soláthraithe SDLE a shainiú tuilleadh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht a leibhéil seirbhíse, agus comhar leis na muirearóirí dolaí sna hiniúchtaí fíorúcháin;

(b) comhar leis na muirearóirí dolaí i gcur i gcrích na dtástálacha ar chórais na muirearóirí dolaí;

(c) seirbhís agus tacaíocht theicniúil d'úsáideoirí SDLE agus TAB a phearsantú;

(d) sonraisc a chur chuig úsáideoirí SDLE;

(e) an fhaisnéis nach mór do sholáthraithe SDLE a sholáthar do mhuirearóirí dolaí agus dá dtagraítear i mír 7; agus

(f) an t-úsáideoir SDLE a chur ar an eolas faoi chás maidir le neamhdhearbhú dola a braitheadh;

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).

*Airteagal 6*

*Cearta agus oibleagáidí muirearóirí dolaí*

1. I gcás nach gcomhlíonann fearann SDLE na coinníollacha teicniúla agus nós imeachta maidir le hidir-inoibritheacht SDLE dá bhforáiltear sa Treoir seo, déanfaidh an Ballstát a bhfuil an fearann SDLE ar a chríoch na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an muirearóir dolaí freagrach measúnú ar an bhfadhb leis na geallsealbhóirí lena mbaineann agus, má thagann sé faoina réimse freagrachtaí, go ndéanfaidh sé bearta feabhais d'fhonn idir-inoibritheacht SDLE an chórais dolaí a áirithiú. I gcás inar gá, déanfaidh an Ballstát an clár dá dtagraítear in Airteagal 21(1) i ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) de a thabhairt cothrom le dáta.

2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh aon mhuirearóir dolaí atá freagrach as fearann SDLE ar chríoch an Bhallstáit sin ráiteas fearainn SDLE a fhorbairt agus a choinneáil ina leagtar amach na coinníollacha ginearálta do sholáthraithe SDLE chun rochtain a fháil ar a bhfearainn SDLE, i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 9.

I gcás ina ndéanfar córas leictreonach dolaí bóthair nua a chruthú ar chríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát sin na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an muirearóir dolaí ainmnithe atá freagrach as an gcóras an ráiteas fearainn SDLE a fhoilsiú agus fógra leordhóthanach tugtha aige chun gur féidir soláthraithe leasmhara SDLE a chreidiúnú mí amháin ar a dhéanaí roimh sheoladh oibriúcháin an chórais nua, agus aird chuí á tabhairt ar fhad phróiseas an mheasúnaithe ar an gcomhréireacht leis na sonraíochtaí agus ar oiriúnacht úsáide na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta dá dtagraítear in Airteagal 15(1).

I gcás ina ndéanfar modhnú substaintiúil ar chóras leictreonach dolaí bóthair ar chríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát sin na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an muirearóir dolaí atá freagrach as an gcóras an ráiteas fearainn SDLE atá tugtha cothrom le dáta a fhoilsiú agus fógra leordhóthanach tugtha aige chun gur féidir le soláthraithe SDLE atá creidiúnaithe cheana féin a gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur in oiriúint do na ceanglais nua agus athchreidiúnú a fháil mí amháin ar a dhéanaí roimh sheoladh oibriúcháin an chórais modhnaithe, agus aird chuí á tabhairt ar fhad phróiseas an mheasúnaithe ar an gcomhréireacht leis na sonraíochtaí agus ar oiriúnacht úsáide na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta dá dtagraítear in Airteagal 15(1).

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go nglacfaidh muirearóirí dolaí atá freagrach as fearainn SDLE ar a gcríoch, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, le haon soláthraí SDLE atá ag iarraidh SDLE a sholáthar ar na fearainn SDLE sin.

Chun go nglacfar le soláthraí SDLE i bhfearann SDLE, beidh ar an soláthraí sin na hoibleagáidí agus na coinníollacha ginearálta a leagtar amach sa ráiteas fearainn SDLE a chomhlíonadh.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach gcuirfidh muirearóirí dolaí ceangal ar sholáthraithe SDLE úsáid a bhaint as réitigh theicniúla shonracha nó próisis theicniúla shonracha a chuirfeadh bac ar idir-inoibritheacht chomhpháirteanna idir-inoibritheachta an tsoláthraí SDLE leis na córais leictreonacha dolaí bóthair i bhfearainn SDLE eile.

Mura féidir le muirearóir dolaí agus soláthraí SDLE teacht ar chomhaontú, féadfar an t-ábhar a chur faoi bhráid an Chomhlachta Idir-réitigh atá freagrach as an bhfearann dolaí ábhartha.

4. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go gceadófar sna conarthaí idir an muirearóir dolaí agus an soláthraí SDLE, maidir le soláthar SDLE ar chríoch an Bhallstáit sin, go n-eiseodh an soláthraí SDLE sonrasc an dola don úsáideoir SDLE go díreach.

Féadfaidh an muirearóir dolaí a cheangal go n-eiseodh an soláthraí SDLE an sonrasc don úsáideoir faoi ainm an mhuirearóra dolaí, agus thar a cheann, agus comhlíonfaidh an soláthraí SDLE an iarraidh sin.

5. Ní sháróidh an dola a ghearrann muirearóirí dolaí ar úsáideoirí SDLE an dola náisiúnta nó áitiúil comhfhreagrach. Ní dochar an méid sin do cheart na mBallstát lacáistí nó lascainí a thabhairt isteach chun úsáid íocaíochtaí leictreonacha dolaí a chur chun cinn. Beidh na lacáistí nó na lascainí ar fad a thairgeann Ballstát nó muirearóir dolaí d'úsáideoirí TAB trédhearcach, fógrófar go poiblí iad agus beidh siad ar fáil faoi na coinníollacha céanna do chliaint na soláthraithe SDLE.

6. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go nglacfaidh muirearóirí dolaí ar a bhfearainn SDLE le haon TAB oibríochtúil ó sholáthraithe SDLE a bhfuil caidreamh conarthach acu leo atá deimhnithe i gcomhréir leis an nós imeachta a shainítear sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 15(7) agus nach bhfuil ar liosta de TAB neamhbhailí dá dtagraítear in Airteagal 5(5).

7. I gcás mífheidhmiú SDLE arb é an muirearóir dolaí is cúis leis, cuirfidh an muirearóir dolaí modh díghrádaithe seirbhíse ar fáil lenar féidir le feithiclí ina bhfuil an trealamh dá dtagraítear i mír 6 dul timpeall go sábháilte agus gan ach moill íosta orthu agus gan amhras a bheith ann ina leith gur tharla mainneachtain dola a íoc.

8. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhoibreoidh muirearóirí dolaí, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, le soláthraithe SDLE nó monaróirí nó comhlachtaí dá dtugtar fógra d'fhonn measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáide na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta ar a bhfearainn SDLE.

9. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun inneachar íosta an ráitis fearainn SDLE a leagan síos, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) na ceanglais le haghaidh soláthraithe SDLE;

(b) na coinníollacha nós imeachta, lena n-áirítear coinníollacha tráchtála;

(c) an nós imeachta creidiúnaithe do sholáthraithe SDLE; agus

(d) na sonraí comhthéacs dolaí.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).

*Airteagal 7*

*Luach saothair*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh soláthraithe SDLE i dteideal luach saothair a fháil ón muirearóir dolaí.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an mhodheolaíocht chun luach saothair na soláthraithe SDLE a shainiú trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus ar aon dul le gach soláthraí SDLE atá creidiúnaithe i bhfearann SDLE ar leith. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go bhfoilseofar an mhodheolaíocht mar chuid de na coinníollacha tráchtála sa ráiteas fearainn SDLE.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i bhfearainn SDLE ag a bhfuil príomhsholáthraí seirbhíse, go gcloífidh an mhodheolaíocht chun luach saothair na soláthraithe SDLE a ríomh leis an struchtúr céanna leis an luach saothair i seirbhísí inchomparáide a sholáthraíonn an príomhsholáthraí seirbhíse. Féadfaidh méid luach saothair na soláthraithe SDLE a bheith éagsúil le luach saothair an phríomhsholáthraí seirbhíse ar an gcoinníoll go bhfuil údar cuí leis de réir na nithe seo leanas:

(a) costas na gceanglas sonrach agus na n-oibleagáidí sonracha atá ar an bpríomhsholáthraí seirbhíse agus nach bhfuil ar na soláthraithe SDLE; agus

(b) an gá a bhaint amach as luach saothair na soláthraithe SDLE na costais sheasta a fhorchuireann an muirearóir dolaí bunaithe ar na costais atá ar an muirearóir dolaí córas comhlíontach SDLE a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil ina fhearann dolaí, lena n-áirítear costais an chreidiúnaithe, i gcás nach bhfuil costais den sórt sin san áireamh sa dola.

*Airteagal 8*

*Dolaí*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil neamhréireacht ann idir an t-aicmiú feithicle a úsáideann an soláthraí SDLE agus an t-aicmiú feithicle a úsáideann an muirearóir dolaí agus an taraif dola is infheidhme maidir le feithicil ar leith á cinneadh, go mbeidh tosaíocht ag aicmiú an mhuirearóra dolaí, ach amháin más féidir a léiriú go ndearnadh botún.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an muirearóir dolaí i dteideal ceangal a chur ar sholáthraí SDLE íoc as aon dearbhú dola cuí-réasúnaithe agus as aon neamhdhearbhú dola cuí-réasúnaithe maidir le haon chuntas úsáideora SDLE a bhainistíonn an soláthraí SDLE sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil liosta de TAB neamhbhailí dá dtagraítear in Airteagal 5(5) seolta ag soláthraí SDLE chuig muirearóir dolaí, nach mbeidh an soláthraí SDLE faoi dhliteanas i leith aon dola bhreise arna thabhú trí úsáid a bhaint as TAB neamhbhailí den sórt sin. Déanfaidh na muirearóirí dolaí agus na soláthraithe SDLE comhaontú eatarthu faoi líon na n-iontrálacha ar an liosta de TAB neamhbhailí, faoi fhormáid an liosta agus faoina mhinice a thabharfar cothrom le dáta é.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcórais dolaí atá bunaithe ar theicneolaíochtaí micreathonnacha, go gcuirfidh muirearóirí dolaí dearbhuithe dola cuí-réasúnaithe in iúl do sholáthraithe SDLE le haghaidh na ndolaí arna dtabhú ag a gcuid úsáideoirí faoi seach.

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun na mionsonraí a leagan síos chun feithiclí a aicmiú chun críocha na scéimeanna taraifí is infheidhme a bhunú, lena n-áirítear aon nósanna imeachta is gá chun na scéimeanna sin a bhunú. Ní chuirfidh sraith na bparaiméadar aicmithe feithicle a dtacóidh SDLE leo srian le rogha na scéimeanna taraifí ó mhuirearóirí dolaí. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh solúbthacht leordhóthanach ann chun gur féidir forbairt a dhéanamh ar shraith na bparaiméadar aicmithe feithicle a dtacóidh SDLE leo de réir na riachtanas a bheidh ann amach anseo. Ní dochar na gníomhartha sin don sainmhíniú, i dTreoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], ar na paraiméadair ar dá réir a athraíonn dolaí.

*Airteagal 9*

*Cuntasaíocht*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcoinneoidh eintitis dhlítheanacha a sholáthraíonn seirbhísí dolaí taifid chuntasaíochta lenar féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na costais agus an t-ioncam a bhaineann le soláthar na seirbhísí dolaí agus na costais agus an t-ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí eile. Soláthrófar an fhaisnéis faoi na costais agus faoin ioncam a bhaineann le soláthar na seirbhíse dolaí, arna iarraidh sin, don Chomhlacht Idir-réitigh ábhartha nó don chomhlacht breithiúnach ábhartha. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá freisin chun a áirithiú nach gceadófar tras-fhóirdheontais idir na gníomhaíochtaí arna ndéanamh i ról an tsoláthraí seirbhíse dolaí agus gníomhaíochtaí eile.

[1] Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42).

*Airteagal 10*

*Cearta agus oibleagáidí úsáideoirí SDLE*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun gur féidir le húsáideoirí SDLE clárú le SDLE trí aon soláthraí SDLE, gan beann ar a náisiúntacht, ar an mBallstát cónaithe ná ar an mBallstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe. Agus conradh á dhéanamh acu, cuirfear úsáideoirí SDLE ar an eolas go cuí faoi na modhanna íocaíochta bailí agus, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus na cearta a thagann as an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

2. Measfar oibleagáidí íocaíochta úsáideora SDLE i leith an mhuirearóra dolaí ábhartha a bheith comhlíonta le híocaíocht dola ag an úsáideoir SDLE lena sholáthraí SDLE.

   Má tá dhá phíosa TAB nó níos mó suiteáilte nó ar iompar ar bord feithicle, is ar an úsáideoir SDLE atá an fhreagracht an TAB ábhartha a úsáid nó a ghníomhachtú le haghaidh an fhearainn shonraigh SDLE.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun na hoibleagáidí atá ar na húsáideoirí SDLE a shainiú tuilleadh maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) sonraí a sholáthar don soláthraí SDLE; agus

   (b) úsáid agus láimhseáil an TAB.

## Caibidil III

## Comhlacht Idir-Réitigh

*Airteagal 11*

*Bunú agus feidhmeanna*

1. Déanfaidh gach Ballstát ina bhfuil fearann SDLE amháin ar a laghad Comhlacht Idir-réitigh a ainmniú nó a bhunú chun idirghabháil a éascú idir muirearóirí dolaí a bhfuil fearann SDLE lonnaithe ar a gcríoch acu agus soláthraithe SDLE a bhfuil conarthaí acu leis na muirearóirí dolaí sin nó atá i mbun caibidlíochtaí conarthacha leo.

2. Tabharfar de chumhacht don Chomhlacht Idir-réitigh, go háirithe, a fhíorú go bhfuil na coinníollacha conarthacha a fhorchuireann muirearóirí dolaí ar sholáthraithe SDLE neamh-idirdhealaitheach. Tabharfar de chumhacht dó a fhíorú go bhfaighidh na soláthraithe SDLE luach saothair i gcomhréir leis na prionsabail dá bhforáiltear in Airteagal 7.

3. Déanfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh a gComhlacht Idir-réitigh neamhspleách, maidir lena eagar agus a struchtúr dlíthiúil, ar leasa tráchtála na muirearóirí dolaí agus na soláthraithe seirbhíse dola.

*Airteagal 12*

*Nós imeachta idirghabhála*

1. Déanfaidh gach Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 11(1) nós imeachta idirghabhála a leagan síos chun a chur ar chumas muirearóra dolaí nó soláthraí SDLE a iarraidh ar an gComhlacht Idir-Réitigh ábhartha idirghabháil a dhéanamh in aon díospóid a bhaineann lena gcaidreamh conarthach nó lena gcaibidlíochtaí conarthacha.

2. Leis an nós imeachta idirghabhála dá dtagraítear i mír 1, cuirfear de cheangal ar an gComhlacht Idir-réitigh a shonrú, laistigh de thréimhse míosa tar éis iarraidh a fháil go ndéanfadh sé idirghabháil, an bhfuil na doiciméid go léir atá riachtanach don idirghabháil ina sheilbh aige.

3. Leis an nós imeachta idirghabhála dá dtagraítear i mír 1, cuirfear de cheangal ar an gComhlacht Idir-réitigh a thuairim a eisiúint i leith díospóide tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an iarraidh a fháil idirghabháil a dhéanamh.

4. Chun a chúraimí a éascú, tabharfaidh na Ballstáit de chumhacht don Chomhlacht Idir-réitigh faisnéis ábhartha a iarraidh ar mhuirearóirí dolaí, ar sholáthraithe SDLE agus ar aon tríú páirtithe atá gníomhach i soláthar SDLE laistigh den Bhallstát lena mbaineann.

5. Déanfaidh na Ballstáit ina bhfuil fearann SDLE amháin ar a laghad agus an Coimisiún na bearta is gá chun malartú faisnéise a áirithiú idir na Comhlachtaí Idir-réitigh maidir lena gcuid oibre, a bprionsabail threoracha agus a gcleachtais.

## Caibidil iv

## Forálacha Teicniúla

*Airteagal 13*

*Seirbhís leanúnach aonair*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar SDLE a sholáthar d'úsáideoirí SDLE mar sheirbhís leanúnach aonair.

Ciallaíonn sé sin:

(a) a luaithe a dhéanfar na paraiméadair aicmithe feithicle, lena n-áirítear na cinn athraitheacha, a stóráil nó a dhearbhú, nó an dá rud, nach mbeidh gá le haon idirghabháil bhreise ag duine le linn turais ach amháin i gcás ina ndéanfar saintréithe na feithicle a mhodhnú; agus

(b) nach dtiocfaidh athrú ar an idirghníomhaíocht a bhíonn ag duine le píosa TAB ar leith cibé fearann SDLE atá i gceist.

*Airteagal 14*

*Eilimintí breise maidir le SDLE*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an idirghníomhaíocht idir úsáideoirí SDLE agus muirearóirí dolaí mar chuid de SDLE teoranta, i gcás inarb infheidhme, don phróiseas sonrascaithe i gcomhréir le hAirteagal 6(4) agus do na próisis forfheidhmithe. Féadfaidh idirghníomhaíochtaí idir úsáideoirí SDLE agus soláthraithe SDLE, nó an TAB atá acu, a bheith sonrach do gach soláthraí SDLE, gan cur isteach ar idir-inoibritheacht SDLE.

2. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse dola, lena n-áirítear soláthraithe SDLE, arna iarraidh sin d'údaráis na mBallstát, sonraí tráchta i ndáil lena gcuid cliant a chur ar fáil, faoi réir chomhlíonadh na rialacha cosanta sonraí is infheidhme. Ní úsáidfidh na Ballstáit na sonraí sin ach amháin chun críche beartais tráchta agus chun bainistiú tráchta a fheabhsú agus ní úsáidfear na sonraí chun na cliaint a shainaithint.

3. Déanfaidh an Coimisiún, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos sonraíochtaí na gcomhéadan leictreonach idir comhpháirteanna idir-inoibritheachta na muirearóirí dolaí, na soláthraithe SDLE agus na n-úsáideoirí SDLE, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, inneachar na dteachtaireachtaí arna malartú idir na gníomhaithe trí na comhéadain sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).

*Airteagal 15*

*Comhpháirteanna idir-inoibritheachta*

1. I gcás ina ndéanfar córas leictreonach dolaí bóthair nua a chruthú ar chríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát sin na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an muirearóirí dolaí ainmnithe atá freagrach as an gcóras a leagan síos agus a fhoilsiú i ráiteas fearainn SDLE pleanáil mhionsonraithe an phróisis measúnaithe ar chomhréireacht le sonraíochtaí agus ar oiriúnacht úsáide na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, rud a fhágfaidh go bhféadfar soláthraithe SDLE leasmhara a chreidiúnú mí amháin ar a dhéanaí roimh sheoladh oibriúcháin an chórais nua.

I gcás ina ndéanfar córas leictreonach dolaí bóthair ar chríoch Ballstáit a mhodhnú go substaintiúil, déanfaidh an Ballstát sin na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an muirearóir dolaí atá freagrach as an gcóras a leagan síos agus a fhoilsiú sa ráiteas fearainn SDLE, sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pleanáil mhionsonraithe an athmeasúnaithe ar chomhréireacht le sonraíochtaí agus ar oiriúnacht úsáide chomhpháirteanna idir-inoibritheachta na soláthraithe SDLE a bhí creidiúnaithe don chóras cheana sula ndearnadh é a mhodhnú go substaintiúil. Leis an bpleanáil, beifear in ann soláthraithe SDLE lena mbaineann a athchreidiúnú mí amháin ar a dhéanaí roimh sheoladh oibriúcháin an chórais modhnaithe.

Urramóidh an muirearóir dolaí an phleanáil sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh gach muirearóir dolaí atá freagrach as fearann SDLE ar chríoch an Bhallstáit sin timpeallacht tástála a chur ar bun inar féidir leis an soláthraí SDLE nó a ionadaithe údaraithe a sheiceáil an bhfuil a TAB oiriúnach dá úsáid i bhfearann SDLE an mhuirearóra dolaí agus deimhniú a fháil maidir le cur i gcrích rathúil na dtástálacha faoi seach. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun go mbeidh muirearóirí dolaí in ann timpeallacht tástála aonair a chur ar bun le haghaidh níos mó ná aon fhearann SDLE amháin, agus chun go mbeidh aon ionadaí údaraithe amháin in ann seiceáil a dhéanamh thar ceann níos mó ná aon soláthraí SDLE amháin maidir le hoiriúnacht úsáide cineáil amháin TAB.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun go mbeidh muirearóirí dolaí in ann ceangal a chur ar sholáthraithe SDLE nó ar a n-ionadaithe údaraithe costas na dtástálacha faoi seach a chumhdach.

3. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac ar comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur ar an margadh lena n-úsáid i SDLE i gcás ina mbeidh comhartha CE nó dearbhú comhréireachta le sonraíochtaí nó dearbhú oiriúnachta úsáide, nó an dá rud, air. Go háirithe, ní éileoidh na Ballstáit seiceálacha a rinneadh cheana mar chuid den nós imeachta maidir le comhréireacht le sonraíochtaí nó oiriúnacht úsáide, nó an dá rud, a sheiceáil.

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun na ceanglais maidir le comhpháirteanna idir-inoibritheachta a leagan síos maidir le sábháilteacht agus sláinte, iontaofacht agus infhaighteacht, caomhnú an chomhshaoil, comhoiriúnacht theicniúil, slándáil agus príobháideacht agus oibriú agus bainistíocht.

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun ceanglais ghinearálta an bhonneagair a leagan síos maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cruinneas na sonraí dearbhaithe dolaí d'fhonn cóir chomhionann a ráthú idir úsáideoirí SDLE i dtaca le dolaí agus muirir;

(b) an soláthraí SDLE freagrach a shainaithint tríd an TAB;

(c) caighdeáin oscailte a úsáid le haghaidh comhpháirteanna idir-inoibritheachta trealaimh SDLE;

(d) TAB a chomhtháthú san fheithicil; agus

(e) comhartha a thabhairt don tiománaí maidir leis an gceanglas dola a íoc.

6. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun na ceanglais shonracha bhonneagair seo a leanas a leagan síos:

(a) ceanglais maidir le prótacail chumarsáide choiteanna idir muirearóirí dolaí agus soláthraithe trealaimh SDLE;

(b) ceanglais maidir le sásraí do mhuirearóirí dolaí chun a bhrath an bhfuil feithicil atá ag cúrsaíocht ar a bhfearann SDLE feistithe le TAB SDLE atá bailí agus feidhmiúil;

(c) ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir duine agus meaisín atá sa TAB;

(d) ceanglais a bhfuil feidhm shonrach acu maidir le comhpháirteanna idir-inoibritheachta i gcórais dolaí atá bunaithe ar theicneolaíochtaí micreathonnacha; agus

(e) ceanglais a bhfuil feidhm shonrach acu maidir le córais dolaí atá bunaithe ar an gCóras Domhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).

7. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun an nós imeachta a leagan síos a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht le sonraíochtaí agus ar oiriúnacht úsáide na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, lena n-áirítear inneachar agus formáid dhearbhuithe CE. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).

# Caibidil V
# Clásail Chosanta

*Airteagal 16*

*An nós imeachta cosanta*

1. I gcás ina mbeidh cúis ag Ballstát a chreidiúint, maidir le comhpháirteanna idir-inoibritheachta a bhfuil comhartha CE orthu agus a chuirtear ar an margadh, nuair a bhainfear úsáid astu mar atá beartaithe, nach dócha go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais ábhartha, déanfaidh sé na bearta go léir is gá chun a raon feidhme a shrianadh, a n-úsáid a thoirmeasc nó iad a tharraingt siar ón margadh. Déanfaidh an Ballstát an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach faoi na bearta atá déanta aige agus tabharfaidh sé na cúiseanna lena chinneadh, agus é á shonrú go soiléir aige go háirithe an de dheasca na gcúiseanna seo a leanas nár comhlíonadh na ceanglais:

(a) cur i bhfeidhm mícheart sonraíochtaí teicniúla; nó

(b) sonraíochtaí teicniúla a bheith neamhdhóthanach.

2. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, a luaithe is féidir, leis an mBallstát lena mbaineann, leis an monaróir, leis an soláthraí SDLE nó lena n-ionadaithe údaraithe atá bunaithe laistigh den Aontas. I gcás ina suífidh an Coimisiún, tar éis an chomhairliúcháin sin, go bhfuil údar cuí leis an mbeart, déanfaidh sé an Ballstát lena mbaineann, mar aon leis na Ballstáit eile, a chur ar an eolas láithreach. Mar sin féin, i gcás ina suífidh an Coimisiún, tar éis an chomhairliúcháin sin, nach bhfuil údar cuí leis an mbeart, déanfaidh sé an Ballstát lena mbaineann, mar aon leis an monaróir nó a ionadaí údaraithe atá bunaithe laistigh den Aontas agus na Ballstáit eile, a chur ar an eolas láithreach.

3. I gcás nach bhfuil ceanglais idir-inoibritheachta á gcomhlíonadh ag na comhpháirteanna idir-inoibritheachta ar a bhfuil comhartha CE, cuirfidh an Ballstát inniúil de cheangal ar an monaróir nó ar a ionadaí údaraithe atá bunaithe san Aontas an chomhpháirt idir-inoibritheachta a thabhairt ar ais i gcomhréir leis na sonraíochtaí nó a hoiriúnacht úsáide a athbhunú, nó an dá rud, faoi na coinníollacha arna leagan síos ag an mBallstát sin agus cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.

*Airteagal 17*

*Trédhearcacht na measúnuithe*

Aon chinneadh a dhéanfaidh Ballstát nó muirearóir dolaí a bhaineann leis an measúnú ar chomhréireacht le sonraíochtaí nó ar oiriúnacht úsáide comhpháirteanna idir-inoibritheachta, agus aon chinneadh a dhéanfar de bhun Airteagal 16, leagfar amach go mionsonraithe ann na cúiseanna atá leis sin. Tabharfar fógra faoin méid sin, a luaithe is féidir, don mhonaróir lena mbaineann, don soláthraí SDLE nó dá n-ionadaithe údaraithe, mar aon le léiriú ar na leigheasanna atá ar fáil faoi na dlíthe atá i bhfeidhm sa Bhallstát lena mbaineann agus ar na teorainneacha ama a cheadaítear chun na leigheasanna sin a fheidhmiú.

## Caibidil VI

## Socruithe Riaracháin

*Airteagal 18*

*Oifig teagmhála aonair*

Déanfaidh gach Ballstát a bhfuil dhá fhearann SDLE ar a laghad ar a chríoch oifig teagmhála aonair a ainmniú do sholáthraithe SDLE. Déanfaidh an Ballstát sonraí teagmhála na hoifige sin a phoibliú, agus déanfaidh sé iad a chur ar fáil, arna iarraidh sin, do na soláthraithe SDLE leasmhara. Déanfaidh an Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an oifig teagmhála, arna iarraidh sin don soláthraí SDLE, an teagmháil luath riaracháin a éascú agus a chomhordú idir an soláthraí SDLE agus na muirearóirí dolaí atá freagrach as na fearainn SDLE ar chríoch an Bhallstáit. Féadfaidh sé gur duine nádúrtha nó comhlacht poiblí nó comhlacht príobháideach í an oifig teagmhála.

*Airteagal 19*

*Comhlachtaí dá dtugtar fógra*

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon chomhlachtaí atá i dteideal an nós imeachta maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht le sonraíochtaí nó ar oiriúnacht úsáide dá dtagraítear sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 15(7) a chur i gcrích nó maoirseacht a dhéanamh air, agus réimse inniúlachta gach comhlachta agus na huimhreacha aitheantais a gheofar roimh ré ón gCoimisiún á léiriú aige. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh liosta de na comhlachtaí, a n-uimhreacha aitheantais agus a réimsí inniúlachta, agus coinneoidh sé an liosta cothrom le dáta.

2. Déanfaidh na Ballstáit na critéir dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar na comhlachtaí dá mbeidh fógra le tabhairt. Maidir le comhlachtaí a bhfuil na critéir mheasúnaithe dá bhforáiltear sna caighdeáin Eorpacha ábhartha á gcomhlíonadh acu, measfar go bhfuil na critéir sin á gcomhlíonadh acu.

3. Déanfaidh Ballstát formheas a tharraingt siar ó chomhlacht nach mbeidh na critéir dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo á gcomhlíonadh aige a thuilleadh. Cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach ina thaobh sin.

4. I gcás ina measfaidh Ballstát nó an Coimisiún nach bhfuil na critéir dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo á gcomhlíonadh ag comhlacht ar thug Ballstát eile fógra dó, déanfar an t-ábhar a tharchur chuig an gCoiste um Dhola Leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 31(1), a thabharfaidh a thuairim laistigh de thrí mhí. I bhfianaise na tuairime ón gCoiste sin, déanfaidh an Coimisiún an Ballstát a thug fógra don chomhlacht i dtrácht a chur ar an eolas faoi aon athruithe is gá a dhéanamh chun go gcoinneodh an comhlacht dá dtugtar fógra an stádas atá tugtha dó.

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30, faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, chun na critéir íosta incháilitheachta a leagan síos maidir le comhlachtaí dá dtugtar fógra.

*Airteagal 20*

*An Grúpa Comhordaithe*

Bunófar Grúpa Comhordaithe na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra faoi Airteagal 19(1) ("an Grúpa Comhordaithe") mar mheitheal de chuid an Choiste um Dhola Leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 31(1), i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste sin.

*Airteagal 21*

*Cláir*

1. Chun críocha chur chun feidhme na Treorach seo, coinneoidh gach Ballstát clár leictreonach náisiúnta ina bhfuil na nithe seo a leanas:

   (a) na fearainn SDLE laistigh dá gcríoch, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

      (i) na muirearóirí dolaí comhfhreagracha;

      (ii) na teicneolaíochtaí dolaí a úsáidtear;

      (iii) na sonraí comhthéacs dolaí;

      (iv) an ráiteas fearainn SDLE; agus

      (v) na soláthraithe SDLE a bhfuil conarthaí SDLE acu leis na muirearóirí dolaí atá gníomhach i gcríoch an Bhallstáit sin.

   (b) na soláthraithe SDLE dá bhfuil clárú deonaithe aige i gcomhréir le hAirteagal 4; agus

   (c) sonraí na hoifige teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 18 le haghaidh SDLE, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist teagmhála agus uimhir theileafóin.

Mura sonrófar a mhalairt, déanfaidh na Ballstáit a fhíorú ar a laghad uair sa bhliain go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i bpointí (a), (d), (e) agus (f) d'Airteagal 4 fós á gcomhlíonadh, agus déanfaidh siad an clár a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin. Beidh conclúidí an iniúchta dá bhforáiltear i bpointe (e) d'Airteagal 4 sa chlár freisin. Ní bheidh Ballstát faoi dhliteanas i leith ghníomhaíochtaí na soláthraithe SDLE a luaitear ina chlár.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí go léir atá sa chlár leictreonach náisiúnta a choinneáil cothrom le dáta agus cruinn.

3. Beidh rochtain leictreonach ag an bpobal ar na cláir.

4. Beidh na cláir seo ar fáil amhail ón ... [30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

5. Ag deireadh gach bliana féilire, déanfaidh údaráis na mBallstát atá i bhfeighil na gclár cláir na bhfearann SDLE agus na soláthraithe SDLE a chur in iúl go leictreonach don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a chur ar fáil do na Ballstáit eile. Déanfar aon neamhréireachtaí leis an gcás i mBallstát a thabhairt ar aird do Bhallstát an chlárúcháin agus don Choimisiún.

# Caibidil VII

# Córais Phíolótacha

*Airteagal 22*

*Córais phíolótacha dolaí*

1. Chun gur féidir forbairt theicniúil SDLE a dhéanamh, féadfaidh na Ballstáit córais phíolótacha dolaí lena n-ionchorpraítear teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó d'fhorálacha na Treorach seo a údarú go sealadach ar chodanna teoranta dá bhfearann dola agus i gcomhthreomhar leis an gcóras comhlíontach SDLE.

2. Ní chuirfear de cheangal ar sholáthraithe SDLE a bheith rannpháirteach i gcórais phíolótacha dolaí.

3. Sula gcuirfidh sé tús le córas píolótach dolaí, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann údarú ar an gCoimisiúin. Déanfaidh an Coimisiún an t-údarú a eisiúint nó é a dhiúltú, i bhfoirm Cinnidh, laistigh de shé mhí ón uair a gheobhaidh sé an iarraidh. Féadfaidh an Coimisiún an t-údarú a dhiúltú dá mba rud é go bhféadfadh an córas dolaí píolótach dochar a dhéanamh d'fheidhmiú ceart an ghnáthchórais leictreonaigh dolaí bóthair nó don SDLE. Ní rachaidh tréimhse tosaigh an údaraithe sin thar thrí bliana.

# Caibidil VIII
# Faisnéis a mhalartú faoi mhainneachtain dolaí a íoc

*Airteagal 23*

*Nós imeachta le haghaidh malartú faisnéise idir na Ballstáit*

1. Chun go bhféadfar an fheithicil, agus úinéir nó sealbhóir na feithicle sin, ar suíodh mainneachtain dola a íoc ina leith, a shainaithint, ní dheonóidh gach Ballstát rochtain do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile ach ar na sonraí clárúcháin feithiclí náisiúnta seo a leanas, maille leis an gcumhacht chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh orthu:

(a) sonraí a bhaineann le feithiclí; agus

(b) sonraí a bhaineann le húinéirí nó sealbhóirí na feithicle.

Na heilimintí sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a bhfuil gá leo chun cuardach uathoibrithe a dhéanamh, comhlíonfaidh siad Iarscríbhinn I.

2. Chun críche an mhalartaithe sonraí dá dtagraítear i mír 1, ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach ndéanfar faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit ach amháin idir na pointí teagmhála náisiúnta. Déanfar cumhachtaí na bpointí teagmhála náisiúnta a rialú leis an dlí infheidhme de chuid an Bhallstáit lena mbaineann. Sa phróiseas malartaithe sonraí sin, tabharfar aird ar leith ar chosaint chuí sonraí pearsanta.

3. Agus cuardach uathoibrithe á dhéanamh aige i bhfoirm iarraidh amach, déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc úsáid a bhaint as uimhir chlárúcháin iomlán.

Déanfar na cuardaigh uathoibrithe sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointí 2 agus 3 de Chaibidil 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle[1] agus le ceanglais Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

Déanfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc úsáid a bhaint as na sonraí arna bhfáil chun a shuí cé atá faoi dhliteanas i leith na mainneachtana an dola sin a íoc.

[1] Cinneadh 2008/616/CGB an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch.12).

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a mhalartú trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár bogearraí "an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Feithiclí agus Ceadúnais Tiomána" (Eucaris) agus as leaganacha leasaithe de na bogearraí sin, i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus le pointí 2 agus 3 de Chaibidil 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB.

5. I gcás gach Ballstáit, is orthu féin a bheidh na costais a thiocfaidh as riarachán, úsáid agus cothabháil na bhfeidhmchlár bogearraí dá dtagraítear i mír 4.

*Airteagal 24*

*Litir faisnéise faoi mhainneachtain dola a íoc*

1. Déanfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc cinneadh imeachtaí leantacha a thionscnamh nó gan iad a thionscnamh i ndáil leis an mainneachtain dola a íoc.

An Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc, i gcás ina gcinnfidh sé imeachtaí den sórt sin a thionscnamh, tabharfaidh an Ballstát sin fógra, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, don úinéir, do shealbhóir na feithicle nó don duine arna shainaithint ar dhóigh eile a bhfuil amhras faoi nó fúithi nár íoc sé nó sí an dola.

Cumhdófar san fhaisnéis sin, de réir mar is infheidhme faoin dlí náisiúnta, na hiarmhairtí dlíthiúla ábhartha i gcríoch an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc faoi dhlí an Bhallstáit sin.

2. Agus an litir faisnéise á cur chuig an úinéir, sealbhóir na feithicle nó an duine arna shainaithint ar dhóigh eile a bhfuil amhras faoi nó fúithi nár íoc sé nó sí an dola, déanfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, aon fhaisnéis ábhartha a áireamh, go háirithe cineál na mainneachtana an dola a íoc, áit, dáta agus am na mainneachtana an dola a íoc, teideal na dtéacsanna den dlí náisiúnta a sáraíodh, an ceart achomhairc a dhéanamh agus rochtain ar fhaisnéis a bheith aige nó aici, agus an smachtbhanna agus, más iomchuí, sonraí maidir leis an bhfeiste a úsáideadh chun an mhainneachtain dola a íoc a bhrath. Chun na críche sin, féadfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc an litir faisnéise a bhunú ar an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

3. An Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc, i gcás ina gcinnfidh sé imeachtaí leantacha a thionscnamh i ndáil leis an mainneachtain dola a íoc, déanfaidh sé, chun a áirithiú go n urramófar cearta bunúsacha, an litir faisnéise a sheoladh sa teanga ina bhfuil doiciméad clárúcháin na feithicle, má tá sin ar fáil, nó i gceann amhail de theangacha oifigiúla Bhallstát an chlárúcháin.

*Airteagal 25*

*Imeachtaí leantacha ag na heintitis tobhaigh*

1. Ní fhéadfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc na sonraí a gheofar tríd an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a sholáthar don eintiteas atá freagrach as an dola a thobhach ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) tá na sonraí a aistreofar teoranta dá bhfuil ag teastáil ón eintiteas sin chun an dola atá dlite a fháil;

   (b) tá an nós imeacht le haghaidh an dola atá dlite a fháil i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 24;

   (c) tá an t-eintiteas lena mbaineann freagrach as an nós imeachta sin a chur i gcrích; agus

   (d) cuirtear deireadh leis an mainneachtain dola a íoc le comhlíonadh an ordaithe íocaíochta arna eisiúint ag an eintiteas a gheobhaidh na sonraí.

2. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbainfear úsáid as na sonraí a sholáthrófar don eintiteas freagrach chun an dola atá dlite a fháil, agus chun na críche sin amháin, agus go ndéanfar iad a scriosadh láithreach a luaithe a íocfar an dola nó, má leantar leis an mainneachtain é a íoc, laistigh de thréimhse réasúnach tar éis aistriú na sonraí a bheidh le socrú ag an mBallstát.

*Airteagal 26*

*Tuairisciú ag Ballstáit chuig an gCoimisiún*

Cuirfidh gach Ballstát tuarascáil chuimsitheach chuig an gCoimisiún faoin... [ceithre bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Léireofar sa tuarascáil chuimsitheach líon na gcuardach uathoibrithe arna ndéanamh ag an mBallstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc arna seoladh chuig pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chlárúcháin, tar éis mainneachtain dolaí a íoc a tharla ar a chríoch, maille le líon na n-iarrataí nár éirigh leo.

Ina theannta sin, áireofar sa tuarascáil chuimsitheach tuairisc ar an staid ar an leibhéal náisiúnta i ndáil le hobair leantach maidir le mainneachtain dolaí a íoc, agus í bunaithe ar líon na gcásanna mainneachtana dolaí a íoc arna leanúint le litreacha faisnéise.

*Airteagal 27*

*Cosaint sonraí*

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 agus ag na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin náisiúnta lena dtrasuítear Treoracha 2002/58/CE agus (AE) 2016/680 maidir le sonraí pearsanta arna bpróiseáil faoin Treoir seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí, na bearta is gá chun na nithe seo a leanas a áirithiú:

(a) go ndéanfar próiseáil sonraí pearsanta chun críocha Airteagail 23, 24 agus 25 a theorannú do na cineálacha sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;

(b) go mbeidh sonraí pearsanta cruinn, go ndéanfar iad a choinneáil cothrom le dáta agus go ndéanfar iarrataí ar cheartú nó ar léirscriosadh a láimhseáil gan moill mhíchuí; agus

(c) go socrófar teorainn ama maidir le sonraí pearsanta a stóráil.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbainfear úsáid as sonraí pearsanta arna bpróiseáil faoin Treoir seo ach amháin chun na gcríoch seo a leanas:

(a) ciontóirí amhrasta a shainaithint i bhfianaise na hoibleagáide dolaí a íoc laistigh de raon feidhme Airteagal 5(8);

(b) comhlíonadh an mhuirearóra dolaí a áirithiú maidir lena oibleagáidí i leith údaráis chánach laistigh de raon feidhme Airteagal 5(9); agus

(c) an fheithicil agus úinéir nó shealbhóir na feithicle ar suíodh mainneachtain dola a íoc ina leith a shainaithint laistigh de raon feidhme Airteagail23 agus 24.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá freisin chun a áirithiú go mbeidh ag na hábhair sonraí na cearta céanna chun faisnéis a fháil, chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta, chun go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú agus a léirscriosadh, chun go ndéanfaí próiseáil a shrianadh, chun gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta um chosaint sonraí, chun cúiteamh a fháil agus chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil amhail dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/679 nó, i gcás inarb infheidhme, i dTreoir (AE) 2016/680.

3. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit srian a chur le raon feidhme na n-oibleagáidí agus na gceart dá bhforáiltear le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán sin chun na gcríoch a liostaítear sa chéad mhír den Airteagal sin.

4. Beidh ag aon duine lena mbaineann an ceart faisnéis a fháil, gan moill mhíchuí, maidir le cé na sonraí pearsanta arna dtaifeadadh i mBallstát an chlárúcháin a tarchuireadh chuig an mBallstát inar tharla an mhainneachtain dola a íoc, lena n-áirítear dáta na hiarrata agus údarás inniúil an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc.

# Caibidil IX
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 28*
*Tuarascáil*

1. Faoin ... [ceithre bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus éifeachtaí na Treorach seo, go háirithe maidir le cur chun feidhme agus imlonnú SDLE agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht an tsásra maidir le malartú sonraí faoi chuimsiú an imscrúdaithe ar imeachtaí mainneachtana dolaí a íoc.

Déanfar anailís sa tuarascáil go háirithe ar na nithe seo a leanas:

(a) éifeacht Airteagal 5(1) agus (2) maidir le himlonnú SDLE, agus béim ar leith á cur ar infhaighteacht na seirbhíse i bhfearainn bheaga nó fhorimeallacha SDLE;

(b) éifeachtacht Airteagail 23, 24 agus 25 maidir le laghdú a dhéanamh ar líon na gcásanna mainneachtana dolaí a íoc san Aontas; agus

(c) an dul chun cinn atá déanta maidir le gnéithe idir-inoibritheachta idir córais leictreonacha dolaí bóthair trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht suite satailíte agus as teicneolaíocht mhicreathonnach 5,8 GHz.

2. Beidh togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí, maidir leis an Treoir seo a athbhreithniú tuilleadh, go háirithe i dtaobh na n-eilimintí seo a leanas:

(a) bearta breise chun a áirithiú go mbeidh SDLE ar fáil i ngach fearann SDLE, lena n-áirítear na cinn bheaga agus fhorimeallacha;

(b) bearta chun éascaíocht bhreise a dhéanamh ar fhorfheidhmiú trasteorann na hoibleagáide dolaí san Aontas a íoc, lena n-áirítear socruithe cúnaimh fhrithpháirtigh; agus

(c) leathnú ar na forálacha lena n-éascaítear forfheidhmiú trasteorann chuig criosanna íseal-astaíochtaí, criosanna rochtana srianta nó scéimeanna rialála rochtana eile ar fheithiclí uirbeacha.

*Airteagal 29*

*Gníomhartha tarmligthe*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta chun aon leasuithe ábhartha arna ndéanamh ar Chinntí 2008/615/CGB[1] agus 2008/616/CGB ón gComhairle a chur san áireamh nó i gcás ina gceanglófar sin de réir aon ghníomhartha dlí ábhartha eile de chuid an Aontais.

[1] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

*Airteagal 30a*

*Feidhmiú an tarmligin*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(5), Airteagal 10(3), Airteagal 15(4) agus (5), Airteagal 19(5) agus Airteagal 29 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5), Airteagal 10(3), Airteagal 15(4) agus (5), Airteagal 19(5) agus Airteagal 29 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(5), Airteagal 10(3), Airteagal 15(4) agus (5), Airteagal 19(5) agus Airteagal 29 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 31*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an Coiste um Dhola Leictreonach cúnamh don Choimisiún.

Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 32*

*Trasuí*

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1 go 27 agus Iarscríbhinní I agus II a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ... [30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón ... [30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireoidh siad chomh maith ráiteas go ndéanfar tagairtí i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá ann cheana maidir leis an Treoir arna haisghairm leis an Treoir seo a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 33*

*Aisghairm*

Déantar Treoir 2004/52/CE a aisghairm le héifeacht ón ... [an lá tar éis an dáta sa chéad fhomhír d'Airteagal 32(1)], gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis an teorainn ama chun an Treoir a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a thrasuí sa dlí náisiúnta.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 34*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 35*

*Seolaithe*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I

Eilimintí sonraí is gá chun an cuardach uathoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a dhéanamh

| Ítim | É/R[1] | Nótaí |
|---|---|---|
| Sonraí a bhaineann leis an bhfeithicil | É | |
| Ballstát an chlárúcháin | É | |
| Uimhir chlárúcháin | É | (A[2]) |
| Sonraí faoin mainneachtain dola a íoc | É | |
| An Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc | É | |
| Dáta tagartha an tarlaithe | É | |
| Am tagartha an tarlaithe | É | |

1 É = éigeantach má tá sé ar fáil sa chlár náisiúnta, R = roghnach

2 Cód comhchuibhithe an Aontais, féach Treoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57).

Eilimintí sonraí arna soláthar de thoradh ar an gcuardach uathoibrithe

arna dhéanamh de bhun Airteagal 23(1)

Cuid I. Sonraí a bhaineann le feithiclí

| Ítim | É/R[1] | Nótaí |
|---|---|---|
| Uimhir chlárúcháin | É | |
| Uimhir fonnaidh/UAF | É | |
| Ballstát an chlárúcháin | É | |
| Déanamh | É | (D.1[2]) e.g. Ford, Opel, Renault |
| Cineál tráchtála na feithicle | É | (D.3) e.g. Focus, Astra, Megane |
| Cód Catagóire AE | É | (J) e.g. móipéidí, gluaisrothair, gluaisteáin |
| Aicme astaíochtaí EURO | É | e.g. EURO 4, EURO 6 |

1 É = éigeantach má tá sé ar fáil sa chlár náisiúnta, R = roghnach

2 Cód comhchuibhithe an Aontais, féach Treoir 1999/37/CE ón gComhairle.

Cuid II. Sonraí a bhaineann le húinéirí nó sealbhóirí na bhfeithiclí

| Ítim | É/R[1] | Nótaí |
|---|---|---|
| Sonraí a bhaineann le sealbhóirí na feithicle | | (C.1[2])<br>Baineann na sonraí le sealbhóir an deimhnithe clárúcháin shonraigh. |
| Ainm (cuideachta) na sealbhóirí clárúcháin | É | (C.1.1)<br>Úsáidfear réimsí ar leithligh le haghaidh sloinnte, inmhíreanna, teidil, etc., agus cuirfear an t-ainm in iúl i bhformáid inphriontáilte. |
| Céadainm | É | (C.1.2)<br>Úsáidfear réimsí éagsúla le haghaidh céadainm/céadainmneacha) agus inisealacha, agus cuirfear an t-ainm in iúl i bhformáid inphriontáilte. |
| Seoladh | É | (C.1.3)<br>Úsáidfear réimsí éagsúla le haghaidh na sráide, uimhir an tí agus an ainnéacs, an chóid poist, na háite cónaithe, na tíre cónaithe, etc., agus cuirfear an seoladh in iúl i bhformáid inphriontáilte. |
| Inscne | R | Fireann, baineann |
| Dáta breithe | É | |
| Eintiteas dlítheanach | É | Duine aonair, comhlachas, cuideachta, gnóthas, etc. |
| Áit Bhreithe | R | |
| Uimhir Aitheantais | R | Aitheantóir lena sainaithnítear an duine nó an an chuideachta. |

1 É = éigeantach má tá sé ar fáil sa chlár náisiúnta, R = roghnach
2 Cód comhchuibhithe an Aontais, féach Treoir 1999/37/CE ón gComhairle.

| Ítim | É/R[1] | Nótaí |
|---|---|---|
| Sonraí a bhaineann le húinéirí na feithicle | | (C.2) Baineann na sonraí le húinéir na feithicle. |
| Ainm (cuideachta) na n-úinéirí | É | (C.2.1) |
| Céadainm | É | (C.2.2) |
| Seoladh | É | (C.2.3) |
| Inscne | R | Fireann, baineann |
| Dáta breithe | É | |
| Eintiteas dlítheanach | É | Duine aonair, comhlachas, cuideachta, gnóthas, etc. |
| Áit Bhreithe | R | |
| Uimhir Aitheantais | R | Aitheantóir lena sainaithnítear an duine nó an chuideachta. |
| | | Ní thabharfar aon fhaisnéis faoin úinéir/sealbhóir i gcás dramhfheithiclí, feithiclí nó uimhirphlátaí a goideadh, ná clárúchán feithicle atá as dáta. Ina ionad sin, tabharfar an teachtaireacht “Faisnéis nár nochtadh”. |

# IARSCRÍBHINN II

TEIMPLÉAD DON LITIR FAISNÉISE

dá dtagraítear in Airteagal ***24***

[Leathanach clúdaigh]

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………...................................

[Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an tseoltóra]

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………...................................

[Ainm agus seoladh an tseolaí]

LITIR FAISNÉISE

maidir leis an mainneachtain dola a íoc a tharla in/sa/i …………………………………………...

[ainm an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla
an mhainneachtain dola a íoc].

An ……………………tharla mainneachtain dola a íoc maidir leis an bhfeithicil dar cláruimhir

[dáta]

uimhir …………………….. déanamh ………………… cineál …………………………………….

Is é ……………………………………………………………… a bhraith an mhainneachtain

[ainm an chomhlachta atá freagrach]

[Rogha 1](1)

Is tusa atá cláraithe i gcáil shealbhóir an deimhnithe clárúcháin a bhaineann leis an bhfeithicil thuasluaite.

[Rogha 2](1)

Thug sealbhóir an deimhnithe clárúcháin a bhaineann leis an bhfeithicil thuasluaite le fios gur tusa a bhí ag tiomáint na feithicle sin tráth a rinneadh an mhainneachtain dola a íoc.

Tá cur síos ar leathanach 3 thíos ar na mionsonraí ábhartha a bhaineann leis an mainneachtain dola a íoc.

De thoradh na mainneachtana dola a íoc, tá pionós airgeadais dlite dar luach...............EUR/airgeadra náisiúnta.(1)

Is é méid an dola atá le híoc...................................................................... EUR/airgeadra náisiúnta.(1)

Ní mór an íocaíocht a dhéanamh faoin.........................................................................................

Ár gcomhairle duit an fhoirm freagartha faoi iamh (leathanach 4) a líonadh agus í a chur chuig an seoladh a luaitear, mura n-íocann tú an pionós airgeadais (1) / dola seo. (1).

Déanfar an litir seo a phróiseáil i gcomhréir le dlí náisiúnta na tíre seo: ……………………………

[ainm an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc].

Leathanach 3

Na mionsonraí ábhartha a bhaineann leis an mainneachtain dola a íoc

(a) Sonraí maidir leis an bhfeithicil a bhí in úsáid tráth na mainneachtana dola a íoc:

Uimhir chlárúcháin: …………………………………………………………………………

Ballstát an chlárúcháin: …………………………………………………………………………

Déanamh agus cineál: …………………………………………………………………………

(b) Sonraí a bhaineann leis an mainneachtain dola a íoc:

Áit, dáta agus am na mainneachtana dola a íoc:

…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

Cineál agus aicmiú dlí na mainneachtana dola a íoc:

…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

Tuairisc mhionsonraithe ar an mainneachtain dola a íoc:

…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

Tagairt don fhoráil nó do na forálacha dlí is ábhartha:

…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

Tuairisc ar an bhfianaise, nó tagairt don fhianaise, maidir leis an mainneachtain dola a íoc:

…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

(c) Sonraí maidir leis an bhfeiste lenar braitheadh an mhainneachtain dola a íoc (2):

Sonraíocht na feiste:

……………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………

Uimhir aitheantais na feiste:

……………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………

Dáta éaga an chalabraithe is déanaí:

……………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………

**(1)** Scriostar an rogha nach bhfuil feidhm léi.

**(2)** Ní bhaineann seo le hábhar sa chás nár úsáideadh aon fheiste.

Leathanach 4

Foirm freagartha

(líontar le ceannlitreacha í)

A. Céannacht an tiománaí;

– Ainm iomlán:

…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

– Áit bhreithe agus dáta breithe:

…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

– Uimhir an cheadúnais tiomána: …………………..arna eisiúint an (dáta): ………agus in (áit):……………………………………………………………………………

– Seoladh:……………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

B. Liosta ceisteanna:

1. An bhfuil an fheithicil, de dhéanamh …………….., de chláruimhir ……..….., cláraithe i d'ainm?
……………………………………………………………………………. tá/níl (1)

Mura bhfuil, tabhair sonraí shealbhóir an deimhnithe clárúcháin:
…………………………………………………………………………………………
……..........................................................................................................................

(sloinne, céadainm, seoladh)

2. An nglacann tú leis nár íoc tú dola a bhí dlite? glacaim/ní ghlacaim(1)

3. Mura nglacann tú leis, mínigh cén fáth:

…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

Líontar an fhoirm seo agus cuirtear chuig an údarás nó eintiteas seo a leanas í laistigh de 60 lá ó dháta na litreach faisnéise seo: ……………...………………………………………

ag an seoladh seo a leanas:
……………………………………………………………………………………………

FAISNÉIS

(I gcás inarb é an t-eintiteas atá freagrach as an dola a thobhach a sheolann an litir faisnéise de bhun Airteagal 25):

Mura ndéanfar an dola atá dlite a íoc laistigh den spriocdháta a leagtar amach sa litir faisnéise seo, déanfar an cás seo a chur ar aghaidh chuig údarás inniúil....................................................

[ainm an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc] agus déanfaidh an t-údarás inniúil sin é a scrúdú].

Mura leanfar den chás seo, cuirfear é sin in iúl duit laistigh de 60 lá tar éis an fhoirm freagartha nó an cruthúnas íocaíochta a bheith faighte. [(1)]

/

(I gcás inarb é údarás inniúil an Bhallstáit a sheolann an litir faisnéise):

Is é údarás inniúil ……………………………………………………………………………...

[ainm an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc] a dhéanfaidh scrúdú ar an gcás seo].

Mura leanfar den chás seo, cuirfear é sin in iúl duit laistigh de 60 lá tar éis an fhoirm freagartha nó an cruthúnas íocaíochta[(1)] a bheith faighte.

(1) Scriostar an rogha nach bhfuil feidhm léi.

Má leanfar den chás seo, is é seo a leanas an nós imeachta a mbeidh feidhm leis:

.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................
.........................................................................................................................................

[le líonadh ag an mBallstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain dola a íoc – cén nós imeachta a leanfar, lena n-áirítear sonraí faoin bhféidearthacht achomhairc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh leanúint den chás agus faoin nós imeachta maidir leis sin. Cuimseoidh na sonraí sin an méid seo a leanas i ngach cás: ainm agus seoladh an údaráis nó an eintitis a bhfuil sé faoina chúram leanúint den chás; an spriocdháta don íocaíocht; ainm agus seoladh an chomhlachta achomhairc lena mbaineann; an spriocdháta don achomharc].

Ní bhaineann aon iarmhairtí dlí leis an litir seo inti féin.

Séanadh maidir le cosaint sonraí:

[I gcás ina bhfuil feidhm le Rialachán (AE) 2016/679:

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, tá sé de cheart agat rochtain ar shonraí pearsanta a iarraidh agus ceartú nó léirscriosadh sonraí pearsanta a iarraidh nó srianadh ar phróiseáil do chuid sonraí pearsanta a iarraidh nó agóid a dhéanamh i gcoinne a bpróiseála, chomh maith leis an gceart chun iniomparthacht sonraí. Tá sé de cheart agat freisin gearán a thaisceadh le [ainm agus seoladh an údaráis maoirseachta ábhartha].

[I gcás ina bhfuil feidhm le Treoir (AE) 2016/680:

I gcomhréir le [ainm an dlí náisiúnta lena gcuirtear i bhfeidhm Treoir (AE) 2016/680], tá sé de cheart agat a iarraidh ar an rialaitheoir rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus ceartú nó léirscriosadh sonraí pearsanta a iarraidh agus srianadh ar phróiseáil do chuid sonraí pearsanta a iarraidh. Tá sé de cheart agat freisin gearán a thaisceadh le [ainm agus seoladh an údaráis maoirseachta ábhartha].]

# IARSCRÍBHINN III

Cuid A

An Treoir aisghairthe agus an leasú a rinneadh uirthi

(dá dtagraítear in Airteagal 33)

| | |
|---|---|
| Treoir 2004/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | IO L 166, 30.4.2004, lch. 124 |
| Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | IO L 87, 31.3.2009, lch. 109 |

Cuid B

Teorainn ama don trasuí sa dlí náisiúnta

(dá dtagraítear in Airteagal 33)

| Treoir | Teorainn ama don trasuí |
|---|---|
| Treoir 2004/52/CE | 20 Samhain 2005 |

# IARSCRÍBHINN IV

Tábla Comhghaoil

| Treoir 2004/52/EC | An Treoir Seo |
|---|---|
| Airteagal 1(1) | Airteagal 1(1), an chéad fhomhír (a) |
| – | Airteagal 1(1), an chéad fhomhír (b) |
| Airteagal 3(2), an chéad abairt | Airteagal 1(1), an dara fomhír |
| Airteagal 1(2), na focail réamhráiteacha | Airteagal 1(2), na focail réamhráiteacha |
| Airteagal 1(2)(a) | Airteagal 1(2)(a) |
| Airteagal 1(2)(b) | – |
| Airteagal 1(2)(c) | Airteagal 1(2)(b) |
| – | Airteagal 1(3) |
| Airteagal 1(3) | Airteagal 1(4) |
| – | Airteagal 1(5) |
| – | Airteagal 1(6) |
| – | Airteagal 2 |
| Airteagal 2(1) | Airteagal 3(1), an chéad fhomhír |
| – | Airteagal 3(1), an dara fomhír |
| Airteagal 2(2), an chéad abairt | – |
| –Airteagal 4(7) | Airteagal 3(2) |
| – | Airteagal 3(3) |
| Airteagal 2(2), an dara agus an tríú abairt | Airteagal 3(4) |

| Treoir 2004/52/EC | An Treoir Seo |
|---|---|
| Airteagal 2(2), an ceathrú abairt | – |
| – | Airteagal 3(5) |
| – | Airteagal 3(6) |
| Airteagal 2(3) | – |
| Airteagal 2(4) | – |
| Airteagal 2(5) | – |
| Airteagal 2(6) | – |
| Airteagal 2(7) | Airteagal 27 |
| Airteagal 3(1) | – |
| Airteagal 3(2), an chéad abairt | Airteagal 1(1), an dara fomhír |
| Airteagal 3(2), an dara abairt | – |
| Airteagal 3(2), an tríú abairt | |
| Airteagal 3(3) | |
| Airteagal 3(4) | – |
| Airteagal 4(1) | |
| Airteagal 4(2) | – |
| Airteagal 4(3) | |
| Airteagal 4(4) | – |
| Airteagal 4(5) | – |
| Airteagal 4(7) | Airteagal 3(2) |

| Treoir 2004/52/EC | An Treoir Seo |
|---|---|
| Airteagal 4(8) | Airteagal 5(4) |
| – | Airteagal 23 |
| – | Airteagal 24 |
| – | Airteagal 26 |
| Airteagal 2(7) | Airteagal 27 |
| – | Airteagal 28 |
| – | Airteagal 29 |
| – | Airteagal 30 |
| Airteagal 5 | Airteagal 31 |
| Airteagal 6 | Airteagal 32(1) |
| – | Airteagal 32(2) |
| – | Airteagal 33 |
| Airteagal 7 | Airteagal 34 |
| Airteagal 8 | Airteagal 35 |
| Iarscríbhinn | – |
| – | – |
| – | – |
| – | – |
| – | – |